Corrib
natural gas





Píblíne Chladaigh na Coiribe

# Ráiteas Tionchair Timpeallachta

Achoimre Neamh-Theicniúil

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.








RPS

BEALTAINE 2010

EPA Export 11-03-2014:23:32:31

# CLÁR NA NÁBHAR


**1 RÉAMHRÁ & CÚLRA ... 1**

1.1 RÉAMHRÁ ... 1

1.2 CÚLRA ... 4

**2 CUR SÍOS AR AN TIONSCADAL ... 6**

2.1 CUR SÍOS AR AN BHFORBAIRT ... 6

2.2 CÓID AGUS CAIGHDEÁIN ... 6

2.3 CUR SÍOS AR AN MBEALACH ... 8

2.4 PÍBLÍNE GÁIS, SEIRBHÍSÍ AGUS PÍOBÁN SCEITE ... 10

2.5 OIBRIÚCHÁN, COTHABHÁIL AGUS DÍCHOIMISIÚNÚ ... 10

**3 AN GÁ ATÁ LEIS AN TIONSCADAL ... 12**

**4 GNÁTHAIMH PHLEANÁLA ... 15**

**5 COMHAIRLIÚCHÁN ... 17**

**6 ROGHNÚ BEALAIGH ... 19**

**7 MODHEOLAÍOCHTAÍ TÓGÁLA ... 24**

7.1 TOLLÁN SHRUTH FADA CON ... 24

7.2 TÓGÁIL PÍBLÍNE AGUS LVI ... 26

7.3 ROCHTAIN ... 29

7.4 BAINISTÍOCHT CHOMHSHAOIL ... 29

7.5 TÁSTÁIL AGUS COIMISIÚNÚ ... 29

**8 AN TIMPEALLACHT DAONNA ... 30**

8.1 POBAL AGUS SOCHEACNAMAÍOCHT ... 30

8.2 TRÁCHT ... 31

8.3 CAIGHDEÁN AN AEIR ... 32

8.4 AERÁID ... 33

8.5 TORANN AGUS CRITH ... 33

8.6 TÍRDHREACH AGUS TIONCHAR AMHAIRC ... 34

8.7 SÓCMHAINNÍ ÁBHARACHA ... 34

**9 AN TIMPEALLACHT NADÚRTHA ... 36**

9.1 TIMPEALLACHT NA TALÚN ... 36

9.2 TIMPEALLACHT FHIONNUISCE ... 37

9.3 TIMPEALLACHT MHUIRÍ/INBHIR ... 37

9.4 ITHREACHA, GEOLAÍOCHT, HIDREOLAÍOCHT AGUS HIDRIGEOLAÍOCHT ... 38

**10 SEANDÁLAÍOCHT, OIDHREACHT AILTIREACHTA AGUS CHULTÚRTHA ... 40**

**11 TIONCHAIR CHARNTHA AGUS IDIRGHNÍOMHAÍOCHT TIONCHAIR ... 41**

**12 ACHOIMRE ... 43**

**GLUAIS ... 44**


For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:31

# AG BREATHNÚ AR & AG CEANNACH AN RÁITEAS TIONCHAIR TIMPEALLACHTA (EIS)

Is féidir an Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS), ar Achoimre Neamhtheicniúil dá chuid é seo, a léamh agus a cheannach sna hoifigí de chuid:

- An Bord Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

Féadfar breathnú ar an EIS freisin sna hoifigí de chuid:

- Comhairle Contae Mhaigh Eo, Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo

- Comhairle Contae Mhaigh Eo, Bóthar an tSéipéil, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo

- Oifig Faisnéise Thionscadal na Coiribe, 4 Údarás na Gaeltachta, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo

Féadfar breathnú ar an EIS chomh maith i Stáisiúin na nGardaí i mBéal an Mhuirthead, i nGleann na Muaidhe, i mBaingear Iorras agus i mBéal an Átha, nó féadfar breathnú air ag www.corribgaspipelineabpapplication.ie agus é a íoslódáil ó www.corribgaspipeline.ie

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:31

# 1 RÉAMHRÁ & CÚLRA

## 1.1 RÉAMHRÁ

Tá Gáscheantar na Coiribe á fhorbairt ag Shell E&P Ireland Limited (SEPIL) amach ó chósta Cho. Mhaigh Eo. Feidhmeoidh Forbairt Ghás na Coiribe mar shaoráid táirgíochta fomhuirí a bheidh ceangailte le críochfort próiseála cladaigh, agus áireofar ann:

- na toibreacha amach ón gcósta;
- saoráidí fomhuirí agus píblíne amach ón gcósta go radharc talún i Maigh Eo;
- píblíne ar an gcladach; agus
- críochfort gáis i mBéal an Átha Buí, Co. Mhaigh Eo (féach Figiúr 1).

Faoi dheireadh na bliana 2004, bhí faomhadh rialála iomlán faighte ag na gnéithe seo go léir agus, seachas an píblíne ar an gcladach, tá siad ag tulstad i leith críochnú na tógála.

Tar éis a bhronn An Bhord Pleanála cead pleanála don Chríochfort Gáis in 2005 tháinig ábhair imní an phobail chun cinn faoin bpíblíne ar an gcladach. Rinne an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha (mar a bhí ag an am), ag a bhfuil freagracht reachtúil i leith sábháilteacht an phíblíne, coimisiúnú ar Advantica (cuideachta neamhspleách) chun athbhreithniú sábháilteachta neamhspleách a chur i gcrích. Bhí próiseas idirghabhála, á chur i gcrích ag an Uasal Peter Cassells, ann freisin i gcaitheamh 2006. D'aontaigh SEPIL moltaí ón dá phróiseas sin a chur i bhfeidhm. Go príomha ina measc bhí:

For inspection purposes only. Consent of copyright owner required for any other use.

- An brú sa chuid den phíblíne ar an gcladach a choimeád ag 144 barg (345 barg roimhe sin) nó níos lú (Advantica); agus
- Bealach an phíblíne i gceantar Ros Dumhach a leasú chun aghaidh a thabhairt ar ábhar imní an phobail maidir lena chóngaracht do thithe (Cassells).

Idir 2007 agus 2009 chuathas i mbun gníomhaíochtaí fairsinge um dhearadh innealtóireachta ar aon dul le cúrsaíocht an phíblíne agus staidéir chomhshaoil i leith na forbartha beartaithe. Mar chuid de seo bhí comhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht le comhlachtaí reachtúla inniúla agus forordaithe maidir le sábháilteacht agus measúnú timpeallachta. Cuireadh iarratais faoi bhráid i mí Feabhra 2009 le haghaidh faofa reachtúil d'fhorbairt bheartaithe an phíblíne ar an gcladach chuig na comhlachtaí reachtúla seo a leanas:

- An Bord Pleanála (faoin 'Acht um Bonneagar Straitéiseach');
- An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (faoin Acht Gáis); agus
- Aonad Imeall Trá de chuid na Roinne Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Bia (faoin Acht Imeall Trágha).

Cuireadh Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) in éineacht le gach iarrtas.



EPA Export 11-02-2014:23:32:31

Tar éis tréimhse reachtúil chomhairliúcháin phoiblí, thionóil An Bord Pleanála Éisteacht ó Bhéal i mBéal an Mhuirthead i rith Bealtaine agus Meitheamh 2009. I mí na Samhna, 2009, lorg An Bord Pleanála breis eolais faoin bhforbairt bheartaithe lena n-áirítear:


- Leasú ar chúrsa an phíblíne idir Gleann an Ghad agus na hEachú; agus

- Léiriú iomlán, trédhearcach agus sásúil nach gcruthaíonn an píblíne riosca do-ghlactha don phobal.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:31




For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

Ordnance Survey Ireland
Uimh Cheadúnais Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann EN 0005010
©Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Rialtas na hÉireann

Forbairt Ghásccheantair na Coiribe

**Figiúr 1**

Tag Chomhaid: COR25MDR0470Fg1.0A03
Dáta: Bealtaine 2010

***PÍBLÍNE CLADAIGH NA COIRIBE***

Corrib natural gas

RPS

EPA Export 11-02-2014:23:32:31

Ina litir ag iarraidh breis eolais, leag An Bord Pleanála amach na critéir shábháilteachta ó thaobh riosca agus iarmhairtí araon ar a ndéanfaí forbairt an phíblíne bheartaithe a mheasúnú, an ceann deireannach a léiríonn “nach mbeadh an chóngaracht do theach cónaithe níos lú ná an fad guaise oiriúnach don phíblíne sa gcás go dteipfeadh an píblíne (tollta go hiomlán).” Ina theannta sin, d’iarr An Bord Pleanála go mbeadh EIS athbhreithnithe, lena n-áirítear Measúnú Cuí (ar a dtugtar Ráiteas Tionchair Natura anois) ar an tionchar ar shuímh Natura 2000, in dteannta leis an togra forbartha leasaithe.

Lean SEPIL ar aghaidh ag coimisiúnú breis staidéar fairsinge ar dhearadh innealtóireachta agus ar an gcomhshaol leis an togra forbartha atá leagtha amach san EIS athbhreithnithe seo mar thoradh. Chun freastal ar an imní á léiriú ag An Bord Pleanála, rinneadh athbhreithnithe bunúsacha ar na bhforbairt bheartaithe trí chúrsa an phíblíne a chur i dtollán faoi Bhá Sruth Fada Con (le huasmhéadú ar an bhfad ó thithe cónaithe mar thoradh) agus an t-uasbhrú oibrithe incheadaithe a ísliú sna píblínte ar an gcladach agus amach ón gcósta (go 100 barg agus 150 barg faoi seach) rud a ísleoidh an iarmhairt sa chás go dteipfeadh an píblíne (cás fánach go maith).

Léiríonn an EIS athbhreithe go bhfuil Píblíne Cladaigh na Coiribe beartaithe slán sábháilte, nach gcruthaíonn sé riosca do-ghlactha don phobal, freastalaíonn sé nó sáraíonn sé na cóid agus na caighdeáin phíblíne Éireannacha agus idirnáisiúnta, freastalaíonn sé ar na critéir shábháilteachta bunaithe ag An Bord Pleanála agus ní bheidh tionchar iarmharach suntasach aige ar oidhreacht daonna, nádúrtha nó cultúrtha an cheantair sa bhfadtéarma.

Seolfar an EIS athbhreithnithe in éineacht leis an bhfreagra go dtí An Bord Pleanála agus iarratais athbhreithnithe le haghaidh faofa reachtúil go dtí:

- An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (faoin Acht Gáis); agus
- Aonad Imeall Trá de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil[1] (faoin Acht Imeall Trágh)

Consent of copyright owner required for any other use.
For inspection purposes only.

Baineann an EIS athbhreithnithe go díreach leis an gcuid ar an gcladach d’fhorbairt an phíblíne. Tá Tuarascáil Forlíontach Chun Dáta athbhreithnithe réitithe (ag RSK Environment Ltd.) mar Aguisín a ghabhann le EIS Amach ón gCladach um Fhorbairt GhTHáscheantair na Coiribe 2001 (Gáscheantar go Críochfort).

Tá an cháipéis mar Achoimre Neamhtheicniúil de chuid an EIS athbhreithnithe do Phíblíne Cladaigh na Coiribe.

## 1.2 CÚLRA

I dtéarmaí domhanda, is taiscumar gáis beag go meánmhéide é Gáscheantar na Coiribe. Tá sé thart ar dhá thrian d’achar Gháscheantair Chionn tSáile, a bhfuil líonra gáis nádúrtha na hÉireann forbartha air. Mar sin féin, tá sé beartaithe go soláthróidh Gáscheantar na Coiribe suas le 60% de riachtanais gháis na hÉireann i rith buaicthairgíochta agus meastar go mbeidh saolré idir 15 agus 20 bliain aige. Is cineál gáis nádúrtha fíorghlan é an gás i nGáscheantar na Coiribe, atá cosúil le Gás Nádúrtha Chionn tSáile a chuimsíonn thart ar 97% meatán/eatán, 3% nítrigin agus méideanna beaga leachtanna.

[1] Faoin Acht Imeall Trá agus Dumpáil ar Farraige (Leasú) 2009, aistríodh freagracht d’fhorbairtí imeall trá ar fad a bhaineann le fuinneamh (lena n-áirítear fuinneamh ola, gaoithe agus taoide) chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le héifeacht ón 15ú Eanáir, 2010.



EPA Export 11-02-2014:23:32:31

Tá forbairt á déanamh ar Ghásscheantar na Coiribe trí theicneolaíocht fhomhuirí a úsáid atá ceangailte siar le críochfort gáis ar an gcladach. Ciallaíonn sé seo nach mbeidh gá le struchtúr ardáin bhuan amach ón gcósta, toisc go mbeidh na toibreacha gáis á rialú ón gcríochfort. Léiríonn sé seo an dea-chleachtas do cheantar den chineál agus den mhéid seo agus tá sé deartha cosúil le roinnt de na forbairtí gáscheantair is nua-aimseartha atá ann, cosúil le Ceantar Ormen Lange san Iorua agus Ceantar Casino in Oirdheisceart na hAstráile.

Is cuid d'Eagraíocht Idirnáisiúnta in Aghaidh Srutha na hEorpa de chuid Shell é SEPIL, forbróir an tionscadail seo, a bhfuil taithí forleathan aige i bhforbairt agus i bhfeidhmiú gáscheantair agus olacheantair amach ón gcósta agus ar an gcladach araon, forbairtí fomhuirí, píblínte gáis agus monarchana gáis ar fud na hEorpa ó na 1960aidí.

Tá dhá comhpháirtí ag SEPIL i dTionscadal Gáis na Coiribe, is iad sin Statoil Exploration (Ireland) Ltd agus Vermilion Energy Ireland Limited.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:31

# 2 CUR SÍOS AR AN TIONSCADAL

## 2.1 CUR SÍOS AR AN BHFORBAIRT

Cuimseoidh Píblíne Cladaigh na Coiribe atá beartaithe comhdhéanta de na gnéithe seo a leanas:

- Píblíne gáis ar an gcladach a iompróidh gás go dtí an Críochfort Gáis;
- Imleacáin seirbhísí a úsáidtear chun fás hiodráití meatáin a chosc agus toibreacha fomhuirí a rialú;
- Píblíne sceite a iompraíonn uisce scaoilte ón gCríochfort Gáis; agus
- Suiteáil Comhla um Radharc Talún (LVI) (lonnaithe thart ar 50m ó imeall na haille ag Gleann an Ghad). Is é cuspóir an LVI ná teorainn a chur leis an Uasbhrú Oibrithe Incheadaithe (MAOP) sa Phíblíne Cladaigh go 100 barg.

Tá an píblíne beartaithe thart ar 8.3km ar fhad. Déanfar an píblíne as cruach ardghráid, le trastomhas 508mm (20”) aige agus tiús balla ainmniúil de 27.1mm (> 1”). An gnáthbhrú oibrithe a bheidh ag an ionraon Críochfoirt do Phíblíne Cladaigh na Coiribe ná thart ar 85 barg (cothrom le thart ar 90 barg ag an LVI).

Tógfar thart ar 4.9km den phíblíne cladaigh beartaithe i dtollán ó Ghleann an Ghad go dtí na hEachú (thart ar 4.6km de sin a bheidh leagtha faoi Shruth Fada Con). Déanfar an tollán a shuiteáil faoi chlúdach le doimhne íosta de thart ar 5.5m. Beidh trastomhas 4.2m ag an tollán agus é tógtha ag baint úsáide as meaisín tollta tolláin (TBM). Déanfar an tollán a líneáil le teascáin choincréite réamhtheilgthe. Sa bhreis air sin cuirfear an t-imleacán seirbhísí agus an píblíne sceite isteach sa tollán. Déanfar an tollán a aislíonadh le léachtmhoirtéal stroighne.

For inspection purposes only. Consent of copyright owner required for any other use.


Leagfar an 3.4km eile den phíblíne gáis, chomh maith le píblíne seirbhísí agus sceite, faoi thalamh le clúdach doimhne íosta de 1.2m. (féach Figiúr 2). Beidh láithreacha oibre sealadacha, campúin suímh agus bóithre iompair de dhíth chun an tógáil a éascú.

## 2.2 CÓID AGUS CAIGHDEÁIN

Sa bhliain 2006, chinn an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (a bhfuil freagracht reachtúil aige i leith sábháilteacht Thionscadal na Coiribe), na cóid agus na caighdeáin infheidhmithe i ndáil le dearadh, tógáil, coimisiúnú agus feidhmiú an phíblíne cladaigh beartaithe. I mí na Samhna 2009, leag An Bord Pleanála síos critéir bhreise ar a ndéanfaí measúnú ar an bhforbairt bheartaithe. Cloíonn nó sáraíonn an fhorbairt bheartaithe na cóid agus na caighdeáin infheidhmithe agus na critéir sábháilteachta de chuid An Bord Pleanála; léirítear é seo go cuimsitheach in Aguisín Q den EIS athbhreithnithe seo.



EPA Export 11-02-2014:23:32:31




For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

**SONRAÍ TRINSE TIPICIÚIL**

1. Píblíne gáis (trast. 508mm)
2. Píblíne sceite (trast. 250mm)
3. Cábla (trast. 63mm)
4. Cábla comhartha (trast. 63mm)
5. Imleacán #1 (trast. 62mm)
6. Imleacán #2 (trast. 82mm)
7. Imleacán #3 (trast. 82mm)

**Tabhair faoi deara: Tá suíomh an phíblíne gáis, an phíblíne sceite agus seirbhísí táscach**

Sonraí Trinse Tipiciúil

**Figiúr 2**

Tag Chomhaid: COR25MDR0470Fg2.0A03
Dáta: Bealtaine 2010

**PÍBLÍNE CLADAIGH NA COIRIBE**

Corrib natural gas

RPS

EPA Export 11-02-2014:23:32:31

## 2.3 CUR SÍOS AR AN MBEALACH

Tá an fhorbairt bheartaithe (féach Figiúr 3) suite i gceantar Iorrais in iarthuaisceart Chontae Mhaigh Eo, thart ar 15km soir ó Bhéal an Mhuirthead. Leanann thart ar 25% den bhealach i ndiaidh, nó in aice leis, an bealach a faomhadh roimhe seo. I gcomhréir le cuireadh An Bhord Pleanála, tá an chuid fágtha de bhealach an phíblíne i ngabháltais talún nua, i dtailte faoi úinéireacht Coillte nó faoi Sruth Fada Con.


Tagann an píblíne amach ón gcósta chun cladaigh i mbaile fearainn Ghleann an Ghad, 1.5km siar ón Ros Dumhach. Trasnaíonn cúrsa an phíblíne cladaigh beartaithe thar an ceann tíre seo, i dtreo anoir anoir-aneas ar feadh thart ar 640m. As sin, téann trasnaíonn an píblíne Sruth Fada Con i dtreo anoir-aneas i dtreo na hEachú ar feadh thart ar 4.9 km, i dtollán. Beidh thart ar 4.6km den tollán faoi bhun Shruth Fada Con. Eascraíonn an píblíne ón tollán ag na hEachú, áit a chasann bealach an phíblíne anoir ar feadh thart ar 0.9km, ag gabháil thar ceantair phortaigh áit a thrasnaíonn sé caol abhann inbhearach thart ar 40m ar leithead. Ansin ritheann bealach an phíblíne isteach i bportach foraoiseach (thart ar 2.2km ar fhad) nuair a chasann sé ó dheas, ag nascadh arís leis an mbealach faofa agus ansin isteach i suíomh an Chríochfoirt ag Droichead Bhéal an Átha Buí.


For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.


Amharc ón aer (ag féachaint aniar aduaidh) ag taispeáint na hEachú, Sruth Fada Con, Dún Ceartáin, Gleann an Ghad agus an Ros Dumhach.



EPA Export 11-02-2014:23:32:31




For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



Bealach an Phíblíne Beartaithe

Leagan Amach Foriomlán an Phíblíne Cladaigh agus Suiteáil Chomhla um Radharc Talún

**Figiúr 3**

Tag Chomhaid: COR25MDR0470Mi2145A03
Dáta: Bealtaine 2010

**PÍBLÍNE CLADAIGH NA COIRIBE**

Corrib natural gas

RPS

EPA Export 11-02-2014:23:32:31

An ghné fhisiciúil is suntasaí sa tírdhreach álainn seo le hais bealach an phíblíne ná Sruth Fada Con, ar ionraon taoide é taobh le Bá Chnocán na Líne ó dheas ó Ros Dumhach agus ina sníonn aibhneacha Ghleann na Muaidhe agus Moing na Bó.

Mar a léirítear i bhFigiúr 4, trasnaíonn an bealach thar limistéar caomhantais ainmhithe. Coimpléacs Portaigh Ghleann na Muaidhe ar Limistéar Caomhantais Speisialta iarrthóra é (cSAC), idir Ghleann an Ghad agus na hEachú. Áirítear anseo Sruth Fada Con, atá mar chuid den Limistéar faoi Chosaint Speisialta molta (pSPA) Chuan an Fhóid Duibh/Chnocán na Líne agus suíomh Ramsar Chuan an Fhóid Duibh agus Chnocán na Líne. Toisc go bhfuil sé beartaithe an píblíne a thollánú faoi Shruth Fada Con, ceaptar nach mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an pSPA/cSAC. Téann bealach an phíblíne i nGleann an Ghad trí cheantar féarach feabhsaithe agus seachnaíonn sé an gnáthóg duimhche tosaíochta (Treoir maidir le Gnáthóga an AE - Iarscríbhinn 1) ó thuaidh ón mbealach.

## 2.4 PÍBLÍNE GÁIS, SEIRBHÍSÍ AGUS PÍOBÁN SCEITE

Iompróidh an píblíne ar an gcladach gás hidreacarbóin (meatán don chuid is mó), méid bheag uisce gaolmhar (ina chuimseofar meatánól), roinnt bheag ceimicí táirgíochta curtha isteach i mbairr tobair, chomh maith le comhdhlúthán hidreacarbóin.

Cuimseoidh an nasc imleacáin seirbhísí idir an Críochfort Gáis agus na háiseanna fomhuirí amach ón gcósta línte soláthair sreabháin hiodrálach, línte soláthair ceimice (meatánól agus coscaire creimthe), línte sceite uisce, agus cáblaí cumarsáide sonraí, rialaithe leictreonaí agus cumhachta.

Déanfar 'duchta breise' agus imleacán breise a shuiteáil sa tollán. Tabharfaidh na gnéithe breise seo deis athnuachana na ngnéithe rialaithe i gcóras an phíblíne (línte leictreacha, snáthoptaice nó imleacáin) agus an píblíne sceite uisce laistigh den tollán (más bhíonn a leithéid riachtanach riamh).

## 2.5 OIBRIÚCHÁN, COTHABHÁIL AGUS DÍCHOIMISIÚNÚ


Oibreofar an píblíne ó Chríochfort Gáis Dhroichead Bhéal an Átha Buí. Le linn oibriúcháin déanfaidh pearsanra cothabhála imscrúdú rialta ar bhealach an phíblíne agus ar an LVI.

Is éard a bheidh i gceist le díchoimisiúnú an phíblíne, i ndiaidh a shaoil úsáide, ná baint na n-áiseanna thar talamh ag an LVI agus aon fhuílleach gáis agus hidreacarbóin ón bpíblíne agus ó na seirbhísí. Cuirfear plean díchoimisiúnaithe i gcrích lena chinntiú go gcloífidh oibriúcháin leis an reachtaíocht reatha náisiúnta agus AE ábhartha ag an am.

Consent of copyright owner required for any other use.
For inspection purposes only.



EPA Export 11-02-2014:23:32:31




**EOCHAIR EOLAIS:**

- Bealach Beartaithe 2010
- Bealach Beartaithe 2009
- Bealach Faofa Roimhe Seo
- Coimpléacs Portaigh Ghleann na Muaidhe (SAC) (Táscach)

Tabhair faoi deara:
Léirítear Pointí Slabhraíochta Achomair

Bealach an Phíblíne Beartaithe ag taispeáint an Sciar Tollánaithe

**Figiúr 4**

Tag Chomhaid: COR25MDR0470Mi2107A03
Dáta: Bealtaine 2010

**PÍBLÍNE CLADAIGH NA COIRIBE**

Corrib natural gas

RPS

For inspection purposes only. Consent of copyright owner required for any other use.

EPA Export 11-02-2014:23:32:31

# 3 AN GÁ ATÁ LEIS AN TIONSCADAL

Leantar leis an ardú ar thomhaltas gáis in Éirinn (ag ráta thart ar 5% in aghaidh na bliana faoi láthair). Mar thoradh air sin, bhí ar Éire breis allmhairí gáis a fháil ó thar lear ó lár na 1990aidí chun freastal ar an éileamh. Fágann sé seo, mar aon le suíomh imeallach na hÉireann san Eoraip agus an scála margaidh beag dá cuid, an tír leochaileach i ndáil le leithdháileadh soláthair agus luaineacht ar phraghsanna allmhairithe. Anuas air sin, tá an Ríocht Aontaithe, as a n-allmhairíonn Éire os cionn 90% dá cuid gáis, ina glan-allmhaireoir gáis ón Iorua, ón Eoraip Láir agus ó thíortha níos faide i gcéin. Dá bharr sin braitheann Éire go mór ar sholáthar gáis ó thír atá ina glan-allmhaireoir gáis í féin.

Tá trí phríomhthosaíocht ag Rialtas na hÉireann i ndáil le beartas fuinnimh; slándáil soláthair, inbhuanaitheacht soláthair agus iomaíochas soláthair. Leagtar é seo amach i gCreatlach an Pholasaí Fuinnimh 2007-2020 a foilsíodh le déanaí. Toisc go bhfuil sé de dhíth ar fhuinneamh allmhairithe freastal ar os cionn 90% de riachtanais fhuinnimh na hÉireann, feictear go bhfuil slándáil soláthair ríthábhachtach maidir le forbairt an gheilleagair agus na sochaí trí chéile. Éilítear go mbeidh rochtain iontaofa ag Éire ar sholáthar ola agus gáis agus go mbeidh an t-infreastruchtúr i bhfeidhm chun ola agus gás araon a allmhairiú, a dháileadh agus a stóráil.

Ag a bhuaicphointe táirgíochta, freastalóidh Gáscheantar na Coiribe ar suas le 60% de riachtanais gháis na hÉireann, chuige sin ag laghdú spleáchas na hÉireann ar ghás allmhairithe. Measfar, dá éis sin, go mbaineann tábhacht straitéiseach náisiúnta leis an tionscadal seo mar go mbeidh gás na Coiribe ina fhoinse dúchasach, iontaofa agus slán d'fhuinneamh glan do gheilleagar na hÉireann. Thuara Figiúr 5a (arna ullmhú ag Goodbody Economic Consultants i 2007) an t-éileamh gáis in Éirinn don tréimhse suas le 2015. Ullmhaíodh an graf seo ar bhonn figiúirí éilimh fuinnimh arna dtáirgeadh ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI). Is léir go gcuirfidh Gáscheantar Cheann Chionn tSáile níos lú agus níos lú le freastal ar an éileamh gáis tuartha in Éirinn amach anseo. Léiríonn Figiúr 5b go soiléir go gcuirfidh Gáscheantar na Coiribe go mór le freastal ar an éileamh gáis náisiúnta tuartha nuair a thagann sé ar an bhfód[2].

Ina theannta sin, is dócha go mbeidh buntáistí suntasacha réigiúnacha agus áitiúla do Chontae Mhaigh Eo ag forbairt Gháscheantair na Coiribe. Tá leathnú an chórais tarchurtha cladaigh in iarthar agus in iarthuaisceart na hÉireann spreagtha cheana féin ag tionscadal na Coiribe.


Tá an líonra tarchuir gáis sínte ag Bord Gáis Éireann (BGÉ) ón nGaillimh go dtí Críochfort Gáis Dhroichead Bhéal an Átha Buí agus tá an líonra á leathnú faoi Thionscadal Gáis an Iarthair. I measc na nasc gáis curtha i gcrích le bailte i Maigh Eo agus i dTuaisceart na Gaillimhe áirítear, Béal an Átha, Baile an Róba, Caisleán an Bharraigh, Clár Chlainne Mhuiris, Crois Mhaoilíona, Creachmhaoil, Áth Cinn, an Gort, Baile Locha Riach agus Cathair na Mart. Na bailte eile atá beartaithe le cur i gcrích i 2010 ná Béal Átha hAmhnais agus Cnoc Mhuire i gContae Mhaigh Eo agus Baile Átha an Rí agus Tuaim i gContae na Gaillimhe. Taispeánann Figiúr 6 fairsinge iomlán an Líonra Tarchuir Gáis Nádúrtha in Éirinn.

For inspection purposes only. Consent of copyright owner required for any other use.

[2] Nuair a foilsíodh Tuarascáil Goodbody, ceapadh go dtiocfadh Gás na Coiribe chun feidhme sa bhliain 2009. Ní tharlóidh sé seo anois go dtí 2013 ar a luaithe.




EPA Export 11-02-2014:23:32:31




**Figiúr 5a:** Éileamh Gáis Tuartha in Éirinn (2005 – 2015)
*Foinse: Measúnú Eacnamaíoch ar Thionscadal Gáis na Coiribe, (Goodbody Economic Consultants, Samhain 2007)*

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.




**Figiúr 5b:** Ranníocaíocht Ghascheantar na Coiribe don Éileamh Gáis Tuartha in Éirinn (2005 -2015)
*Foinse: Measúnú Eacnamaíoch ar Thionscadal Gáis na Coiribe, (Goodbody Economic Consultants, Samhain 2007)*[3]

[3] Nuair a foilsíodh Tuarascáil Goodbody, ceapadh go dtiocfadh Gás na Coiribe chun feidhme sa bhliain 2009. Ní tharlóidh sé seo anois go dtí 2013 ar a luaithe.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32




For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

An Líonra Tarchuir Gáis in Éirinn

**Figiúr 6**

PÍBLÍNE CLADAIGH NA COIRIBE

Tag Chomhaid: MDR0470GrEIS040 Rev A03
Dáta: Bealtaine

Corrib natural gas

RPS

# 4 GNÁTHAIMH PHLEANÁLA

Éilítear faomhadh reachtúil ar leith don phíblíne cladaigh athbhreithnithe ón trí chomhlacht seo a leanas (féach Figiúr 7 lastall):

- An Bord Pleanála;
- An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN); agus
- An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ).

Éileoidh an píblíne ar an gcladach (a chuimsíonn na codanna sin atá laistigh de limistéar feidhme an Údaráis Phleanála, .i. os cionn an líne lánmhara) faomhadh ón mBord Pleanála faoin Acht um Bonneagar Straitéiseach (SIA).

Éileoidh codanna áirithe de bhealach an phíblíne atá faoin líne lánmhara lena n-áirítear an píblíne amach ón gcósta idir an 'teorainn 12 mhíle' agus an líne lánmhara ag an radharc talún i nGleann an Ghad, chomh maith leo sin i Sruth Fada Con, Ceadúnas Urthrá eisithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi na hAchtanna Imeall Trágha.

Beidh comhthoil ag teastáil don phíblíne ar fad (na codanna ar an gcladach agus amach ón gcósta) ón Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha faoi Alt 40 den Acht Gáis.


Tá comhthoil ag teastáil freisin faoin Acht um Bonneagar Straitéiseach i ndáil le glacadh agus sil-leagan thart ar 75,000m3 de mhóin ag eascairt as tógail an phíblíne ar an gcladach, laistigh de theorainn eiseach an láithreáin sil-leagan móna ar an Srath Mór. Bhronn An Bord Pleanála cead pleanála do Laithreán Sil-Leagan Móna an tSratha Mhóir i mí Dheireadh Fómhair 2004 le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gCríochfort Gáis. Beidh ceadúnas dramhaíola ag teastáil freisin ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) i ndáil le sil-leagan móna. Déantar cur síos ar oibriúcháin sil-leagan móna ar an Srath Mór in EIS (lena n-áirítear achoimre neamhtheicniúil), a dhéanann suas Imleabhar 3 den Measúnú Tionchair Timpeallachta seo ar Phíblíne Cladaigh na Coiribe.

Consent of copyright owner required for any other use. For inspection purposes only.

Beidh gá freisin le hOrdú Tógála Éigeantaigh (CAO) i ndáil le tógáil agus oibriú na forbartha beartaithe ón mBord Pleanála faoin Acht Gáis.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32




For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

Gáscheantar na Coiribe -

Faomhadh Reachtúil

Figiúr 7

Tag Chomhaid: MDR0470GrEIS039 RevA03
Dáta: Bealtaine 2010

**PÍBLÍNE CLADAIGH NA COIRIBE**

Corrib natural gas

RPS

EPA Export 11-02-2014:23:32:32

# 5 COMHAIRLIÚCHÁN

Tar éis do SEPIL RPS a cheapadh (Eanáir, 2007) chun bealach píblíne cladaigh mionathraithe a roghnú, bunaíodh Oifig Tionscadail RPS áitiúil i mBéal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo chun cabhrú leis a bpróiséas comhairliúcháin. Bhí an próiséas comhairliúcháin ceaptha le bheith oscailte agus trédhearcach agus chun éascú a dhéanamh ar mhalartú faisnéise tionscadail agus tuairimí an phobail áitiúil agus an phobail níos leithne. Tosaíodh ar an gcomhairliúchán le RPS á chur in aithne don phobal, i mí Feabhra 2007, le Ceardlann Pobail ina dhiaidh sin ag deireadh mí an Mhárta, 2007 agus aithint iartheachtach na gcritéar i ndáil le roghnú bealaigh, a bhí mar chloch coirnéil an phróisis roghnaithe.

Foilsíodh Bróisiúr Nuashonraithe Pobail ag gach céim den phróiseas roghnaithe bealaigh, a scaipeadh go forleathan sa phobal áitiúil. Bhí roinn "Tabhair Dúinn do chuid Tuairimí" i ngach bróisiúr, inar tugadh deis don phobal tuairimí nó ceisteanna a chur ar RPS. Bunaíodh suíomh gréasáin tiomanta don tionscadal chomh maith (www.corribgaspipeline.ie) áit ina raibh rochtain éasca ar eolas tionscadail suas chun dáta, lena n-áirítear cóipeanna den ábhar foilsithe ar fad faoin phróiseas roghnaithe bealaigh.




For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

Comhairliúchán Poiblí i rith Lá Oscailte i mí Feabhra 2007.

Seo a leanas na príomhcheisteanna a ardaíodh faoin bpíblíne ar an gcladach i rith na phróisis chomhairliúcháin:

- sábháilteacht an phíblíne;
- cóngaracht d'áitribh;
- an comhshaol áitiúil (go háirithe Sruth Fada Con agus cSAC Choimpléasc Portaigh Ghleann na Muaidhe);



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

- iompar an gháis neamhphróiseáilte;
- suiteáil chomhla um radharc talún;
- ábhair imní um chobhsaíocht móna i ndáil le sciorradh talún Pholl an tSómais 2003;
- ceist i ndáil le 'comhthoil an phobail';
- imeaglú sa phobal;
- buntáistí don phobal; agus
- an tslí inar láimhseáladh CAOnna roimhe seo.

Mar thoradh ar iarrtas An Bord Pleanála ar SEPIL mionathrú a dhéanamh ar an bpíblíne beartaithe, cuireadh breis chomhairliúcháin poiblí ar bun i Márta agus Aibreán, 2010. Mar chuid de seo foilsíodh Bróisiúr Nuashonraithe Pobail, nuashonrú ar shuíomh gréasáin an tionscadail, litreacha go baill an phobail agus cruinnithe le daoine aonair le grúpaí ón bpobal.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

# 6 ROGHNÚ BEALAIGH

Bhí dúshlán ar RPS bealach mionathraithe a aimsiú do Phíblíne Cladaigh na Coiribe. Thug foireann ildisciplíneach faoin bpróiséas roghnaithe bealaigh sna céimeanna seo a leanas:

- Comhairliúchán leis an bpobal áitiúil maidir leis na critéir um roghnú bealaigh (Feabhra – Meitheamh, 2007);
- Imscrúdú ar an limistéar staidéir agus aithint na roghanna um chonair bealaigh táscach (Feabhra – Meitheamh, 2007);
- Gearrliostú roghanna na conaire bealaigh (Meitheamh – Meán Fómhair, 2007);
- Míonfhorbairt chonaire chun bealaí agus éagsúlachtaí féideartha a roghnú (Meán Fómhair – Nollaig, 2007); agus
- Forbairt agus roghnú an bhealaigh deiridh (Nollaig 2007 – Aibreán, 2008).

Rinne an próiseas roghnaithe bealaigh iarracht teacht ar an gcothromaíocht idir na critéir phobail, chomhshaoil agus teicniúla ábhartha. Mar thoradh ar mholtaí Peter Cassells, tugadh breis suntais d'achar níos faide ó thithíocht áitiúil a bhaint amach ná mar a bhí amhlaidh i rith an phróisis roghnaithe bealaigh don bhealach faofa roimhe seo. Seo a leanas na critéir roghnaithe bealaigh, a bunaíodh go luath sa phróiseas:

- Scaradh ó thithíocht áitiúil;
- Íosmhéadú tionchar ar fhiadhúlra agus ar ghnáthóga, go háirithe limistéir sainithe; agus
- Intógthacht an phíblíne, m.sh. coimpléascacht agus guaiseacha.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

Cuireadh an próiseas roghnaithe bealaigh i gcrích thar tréimhse thart ar 18 mí ina rinneadh líon mór comhairliúcháin leis an bpobal áitiúil (faoi mar atá pléite sa chuid roimhe seo).


I gcaitheamh an ama seo aithníodh ocht rogha conaire bealaigh táscach bunaithe ar staidéir deisce, mar aon le comhairliúchán pobail agus reachtúil. Shín an ocht gconair, marcáilte A go H (féach Figiúr 8) ó cheithre phointe um radharc talún éagsúil go dtí Críochfort Gáis Dhroichead Bhéal an Átha Buí. Scrúdaigh saineolaithe teicniúla agus comhshaoil na roghanna conaire bealaigh, agus ina dhiaidh sin rinneadh gearrliostú ar thrí cinn den ocht gconair. B'iad conairí A, B agus C na conairí leis na srianta teicniúla agus comhshaoil is lú acu. Forbraíodh éagsúlachtaí i ndáil le conairí A agus C le haon tionchar comhshaoil féideartha a íoslaghdú. Ag an bpointe seo, bhí cúig rogha bealaigh fágtha, b'iad sin A, A1, B, C agus C1 (féach Figiúr 9).

Roghnaíodh C1 mar an bealach beartaithe ar na cúiseanna seo leanas:

- Sholáthair bealach C1 an chothromaíocht is fearr i leith ábhar imní an phobail, ceisteanna comhshaoil agus gnéithe teicniúla an tionscadail;
- Shroich nó sháraigh an bealach cóid agus caighdeáin aitheanta in Éirinn agus go hIdirnáisiúnta (mar a dhearbhaigh an Grúpa Comhairleach Teicniúil ceaptha ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náisiúnta); agus
- Bheadh tionchar íosta ag an mbealach ar láithreáin chaomhantais ainmnithe cosúil le pSAC Bhá an Fhóid Duibh/Chnocán na Líne agus cSAC Choimpléasc Portaigh Ghleann na Muaidhe.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32



For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

**EOCHAIR EOLAIS:**

**Conairí Bealaigh Réamh-mholta**

- **Conair A** Ros Dumhach
- **Conair B** Na hEachú
- **Conair C** Sruth Fada Con
- **Conair D** Ardtalamh an Inbhir
- **Conair E** An tInbhear / Barr na Trá
- **Conair F** Port an Chlóidh
- **Conair G** Glinsce - Portach Ghleann na Muaidhe
- **Conair H** An Bá Thuaidh

Conairí Bealaigh Réamh-mholta

**Figiúr 8**


Tag Chomhaid: COR25MDR0470Mi2146A03
Dáta: Bealtaine 2010

**PÍBLÍNE CLADAIGH NA COIRIBE**

Corrib natural gas

RPS

EPA Export 11-02-2014:23:32:32




For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

Mionfhorbairt Chonaire Bealaigh - Éagsúlachtaí

**Figiúr 9**

Tag Chomaid: MDR0470GrEIS101 RevA03
Dáta: Bealtaine 2010

**PÍBLÍNE CLADAIGH NA COIRIBE**

Corrib natural gas

RPS

EPA Export 11-02-2014:23:32:32

Ina litir dar dáta 2ú Samhain, 2009, thug An Bord Pleanála cuireadh do SEPIL mionathrú a dhéanamh ar bhealach an phíblíne idir phointí slabhraíochta 83.91 agus 89.55 ionas go mbeadh sé “ag cloí go ginearálta leis an méid a léirítear mar Chonair C (is é sin, laistigh de Shruth Fada Con) sa phróiseas roghnaithe bealaigh. Bhí imní ar leith ar an mBord Pleanála faoin gcóngaracht do thithe, tionchar tráchta agus an tionchar ar chonláistí cónaitheach i ndáil leis an mbealach beartaithe C1.

Tar éis mionscrúdú ar na hailínithe (teoranta) infhaighte a bheadh laistigh de Shruth Fada Con, tá bealach píblíne athbhreithnithe mar a léirítear i bhFigiúr 10 beartaithe anois ar an mbonn seo leanas:

- Cloíonn an píblíne beartaithe le caighdeáin An Bord Pleanála nach mbeidh an píblíne níos cóngaraí do thithe ná an fad guaise cuí don phíblíne sa chás go dteipfeadh an píblíne. Tá teach amháin i mbaile fearainn na hEachú, atá faoi úinéireacht SEPIL agus nach n-úsáidtear mar áitreabh, nach gcloíonn leis na critéir;

- Íoslaghdaíonn an mhodheolaíocht tógála beartaithe (tollánú le líneáil teascáin) na tionchair timpeallachta ionchais ar Shruth Fada Con, atá mar chuid de Choimpléasc Portaigh Ghleann na Muaidhe (cSAC) agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta molta (pSPA) Bhá an Fhóid Duibh/Chnocán na Líne;


- Freagraíonn an bealach beartaithe d’ábhair imní an phobail cosúil le cóngaracht do thithíocht agus cosaint chomhshaoil. Tá bealach an phíblíne beartaithe fad níos suntasaí ó thithíocht áitithe ná bealaí píblíne 2002 agus 2009; agus

- Coinníonn an bealach ceartaithe an radharc talún ceadaithe i nGleann an Ghad, áit a chríochnaíonn an píblíne amach ón gcósta (tógtha cheana féin).

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32




**EOCHAIR EOLAIS**

Conair C

Bealach an Phíblíne Beartaithe 2010

Conair C agus Bealach an Phíblíne Beartaithe

**Figiúr 10**

Tag Chomhaid: COR25MDR0470Mi247A02
Dáta: Bealtaine 2010

**PÍBLÍNE CLADAIGH NA COIRIBE**

Corrib natural gas

RPS

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

EPA Export 11-02-2014:23:32:32

# 7 MODHEOLAÍOCHTAÍ TÓGÁLA

Ní mór go gcuirfí roinnt gníomhaíochtaí i dtoll a chéile sula gcuirtear tús le tógáil an phíblíne ar an gcladach. Ina measc seo áirítear comhairliúchán agus idirchaidreamh le sealbhóirí talún, comhlachtaí reachtúla agus an pobal. Cuimseoidh suirbhéanna réamhthógála iniúchtaí talún agus suirbhéanna timpeallachta agus tástáil seandálaíochta atá riachtanach chun tacú leis an bpróiseas tógála. Tá suirbhéanna réamhthógála dá leithéid seo mar ghnáth-chleachtas i ndáil le tionscadail bhonneagracha.

Bainfear úsáid as dhá mhodh oibre sa tógáil:

1. Tollán ó na hEachú go Gleann an Ghad ar feadh thart ar 4.9km (thart ar 60% de bhealach an phíblíne). tá thart ar 4.6km den sciar tollánaithe seo faoi Shruth Fada Con.

2. Teicníc 'gearradh oscailte' gnásúil ('Teicníc Scaipthe') ar feadh thart ar 3.4km ar thalamh (thart ar 40% den bhealach).

Táthar tar éis na na modhanna tógála beartaithe a roghnú le féidearthachtaí i ndáil le tionchar ar an timpeallacht a ghlacann leis an tógáil le hais bealach an phíblíne a chosc nó a íoslaghdú. Déanfar an tollán a thochailt ó na hEachú go Gleann an Ghad. Íoslaghdóidh sé seo an tionchar ar an bpobal agus ar an timpeallacht i gceantar Pholl an tSómais agus Ghleann an Ghad. Meastar go dtógfaidh sé thart ar 26 mí an clár tógála foriomlán a chríochnú don phíblíne ar an gcladach le campúin tógála sealadach tógála lonnaithe sna hEachú agus i nGleann an Ghad i gcaitheamh na tréimhse seo.

## 7.1 TOLLÁN SHRUTH FADA CON

Déanfar an tollán beathaithe a shuiteáil don chuid is mó i ngaineamh agus i ngairbhéal. Beidh an tollán línithe le coincréit, agus beidh trastomhas seachtrach de thart ar 4.2m aige. Táthar tar éis an modheolaíocht tollánaithe beartaithe a roghnú chun íoslaghdú a dhéanamh ar an gcur isteach dromchla le linn tógála (féach Figiúr 11).

Déanfar an tollán a thochailt le Meaisín Tollta Tolláin (TBM). Úsáideann na meaisíní seo fearas nuadheartha treoraithe/rialaithe chun a chinntiú gur féidir an tollán a thochailt le hais cosán réamhchinntithe laistigh de theorainneacha an-chruinn.

Oibreoidh an fhoireann tógála laistigh den tollán ar bhonn 24 uaire chloig. Bainfear úsáid as líne iarnróid bheag laistigh den tollán chun an fhoireann agus na hábhair tógála a iompar ón gcampún tollánaithe go dtí cúl an TBM.


De réir mar a thochlaíonn an TBM a shlí chun cinn líneofar an tollán (ón taobh istigh) le ranna coincréite. Tá gach roinn coincréite déanta de sé theascán i dtreo is gur féidir iad a thabhairt tríd an tollán go cúl an TBM, áit a chaithfear an chéad roinn coincréite eile a chóimeáil. I gcaitheamh gnáth uair a' chloig tógála sa tollán, caithfear 15 – 20 nóiméad ag tollánú. Caithfear an 40 – 45 nóiméad eile ag cur teascáin tolláin in airde, agus ag síneadh córais fóntais cosúil le duchtáil aeir, leacht druileála agus línte iompair agus rianta iarnróid chun teacht ón tollán.

Úsáidfidh an TBM leacht druileála atá cuimsithe de ghnáth as chrochadh uisce agus beintinít le haghaidh bealú agus fuarú an ghiotáin ghearrtha, baint na ngearrthacha agus cobhsú an ghearrtha. Brúfar an leacht druileála trí chaidéil laistigh den tollán go dtí an TBM. De réir mar a thochlaítear an tollán, gabhfaidh eascairtí dramhaíola tolláin trí mheilteoir ar chúl an ghiotáin ghearrtha TBM agus iomprófar é go dtí an dromchla trí mheán línte aisfhillte.

Consent of copyright owner required for any other use.
For inspection purposes only.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32




For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

## Imlíne den Tollánú le Líneáil Teascáin

**Figiúr 11**

Tag Chomhaid: MDR0470GrEIS099 RevA03
Dáta: Bealtaine 2010

**PÍBLÍNE CLADAIGH NA COIRIBE**

Corrib natural gas

RPS

EPA Export 11-02-2014:23:32:32

Bunófar an campún tollánaithe sealadach (thart ar 260m x 65m i méid) ag na hEachú. Tochlófar an tollán ón suíomh seo. Tá sé beartaithe go dtarlódh na hoibreacha a bhaineann leis an bpróiseas tollánaithe ar an láthair seo ar bhonn 24 uaire / 7 lá sa tseachtain. Meastar go mbeidh an campún seo anseo ar feadh thart ar 26 mí agus áireofar na nithe seo a leanas ann:

- Gineadóirí faoi chumhacht díosail le cumhacht a thabhairt don TBM agus leictreachas a sholáthar ar an suíomh;
- Trealamh láimhseála beintinít agus taiscumair stórála;
- Ionad scartha chun na heascairtí dramhaíola tolláin a scaradh ón leacht druileála;
- Limistéir stoc-charnadh le haghaidh eascairtí dramhaíola tolláin;
- Stóras fhionnuisce;
- Crainn tógála le haghaidh láimhseáil choiteann na dteascán coincréite, na gcodanna píblíne s.rl.;
- Stóras do theascáin choincréite; agus
- Ceardlann, Oifigí agus áiseanna Leasa;

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

Tréimhse tar éis tosú ar an tollánú, leathnófar an campún sna hEachú ionas go mbeidh láthair nasctha píbe áit ina chuirfear an píblíne gáis agus seirbhísí gaolmhara le chéile sula a ndéantar iad a shuiteáil laistigh den tollán.

Go gairid sula shroicheann an TBM a cheann scríbe i nGleann an Ghad, tógfar clais ghabhála sealadach chun é a ghlacadh agus ansin é a thógáil amach as an áit ar fad. Beidh an campún seo thart ar 65m x 55m agus meastar nach mbeidh sé ann níos faide ná bliain.

Nuair a bheidh an píblíne gáis agus na seirbhísí gaolmhara suiteáilte sa tollán críochnaithe, líonfar an tollán le moirtéal stroighne. Dá bhrí sin, beidh an píblíne gáis agus na seirbhísí a ghabhann leis timpeallaithe agus tacaithe go buan agus beidh an tollán séalaithe go buan.

## 7.2 TÓGÁIL PÍBLÍNE AGUS LVI

Déanfar thart ar 3.4km den phíblíne a shuiteáil ar thalamh, 730m i dtailte féaraigh agus 2.7km i bportaigh. Úsáidfear teicníc "gearradh oscailte" gnásúil ("Teicníc Scaipthe") san áit ina leagfar an píblíne gáis agus na seirbhísí a ghabhann leis faoi thalamh in aon trínse amháin.

De ghnáth, cuirfear na gníomhachtaí tógála ar thalamh i gcrích laistigh de limistéar oibre sealadach thart ar 40m ar leithead, ar feadh bealach an phíblíne. I measc na gcéimeanna tógála éagsúla áirítear:

- Slógadh .i. leagan amach an champúin, oibreacha ullmhúcháin réamhthógála;
- Fálú na limistéar oibre ;
- Lomadh na barrithreach;



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

- Suiteáil bhóthair chloiche i limistéir phortaigh;
- Cur le chéile, lúbadh agus táthú píbe;
- Tochailt trínsí (laistigh den bhóthar cloiche áit ina n-úsáidtear an modh seo) agus suiteáil an phíblíne, na seirbhísí agus an phíblíne sceite isteach sa trínse;
- Aislíonadh an trínse;
- Athchruthú an limistéir oibre sealadach; agus
- Baint an fhálaithe.


For inspection purposes only. Consent of copyright owner required for any other use.

Athchruthú ar bun ar sciar den phíblíne i gCo. na Gaillimhe (Píobán Gáis i dtreo an Iarthair)

Úsáidfear teicníc tógála a ndéantar tagairt dó san EIS mar “Modh an Bhóthair Cloiche” sa 2.7km de bhealach an phíblíne a ghabhann trí phortaigh chun íoslaghdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht i ndáil le tionchar timpeallachta, chun éascú a dhéanamh ar thógáil agus chun a chinntiú go bhfuil an píblíne cobhsaí laistigh den trínse. Is éard ata i gceist leis seo ná bóthar cloiche a thógáil ina dhéanfar an píblíne agus na seirbhísí a ghabhann leis a shuiteáil.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32




Leagan an bhóthair chloiche i nGleann Cuilinn Uachtarach
(Píblíne Mhaigh Eo – na Gaillimhe, 2006)

Consent of copyright owner required for any other use.
For inspection purposes only.

Is éard atá i gceist le modh an bhóthair chloiche ná:

1. Tochailt móna, lena n-áirítear baint na sraithe fásmhar ar barr (a chuirfear i leataoibh go cúramach, le húsáid arís san athchruthú); agus
2. Clocha á chur isteach chun áit an phortaigh atá fágtha ar an láthair a thógáil, agus bóthar cloiche a thógáil atá bunaithe ar na hithreacha mianraí.

Nuair a chríochnaítear an struchtúr, déanfar trínse a thochailt a bheidh feiliúnach do shuiteáil an phíblíne agus na seirbhísí. Tar éis an píblíne a shuiteáil, déanfar dromchla an bhóthair chloiche a athchruthú le móin fhásmhar, a choimeádfar i leataoibh don chuspóir seo.

Úsáidfear modh tógála comhchosúil i ndáil le tógáil an champúin tollánaithe sealadach agus an limistéar nasctha píbe sna hEachú.

I gceantar bhratphortaigh athshlánaithe soir ó Abhainn an Líonáin Mhóir (ar feadh thart ar190m le hais bealach an phíblíne) tá sé beartaithe an tsraith fásmhar móna ar barr a bhaint agus a chaomhnú i gcodanna (fóid). Sa cheantar seo, beidh leithead an bhóthair chloiche teoranta go 9m. Beidh na fóid a mbainfear thart ar 2m x 1m x 0.5m domhain. Bainfear úsáid as buicéad tochailte deartha go speisialta chun na fóid a ghearradh agus a leagan síos go cúramach ar mhataí portaigh adhmaid ionas nach mbrisfidh siad as a chéile. Beidh na mataí portaigh seo suite taobh leis an mbóthar cloiche taobh istigh den limistéar oibre sealadach. Éascóidh stóráil na bhfód ar na mataí portaigh a mbaint níos déanaí agus athchur an cheada slí gan damáiste a dhéanamh don phortach bunúsach.

Déanfar na fóid a stóráil i sraith amháin chun íoslaghdú a dhéanamh ar an damáiste ionchais, agus chun íoslaghdú a dhéanamh ar dhlúthú na móna faoi bhun na mataí portaigh. Coinneofar na fóid tais agus déanfar monatóireacht orthu le linn stórála.

Tógfar an bóthar cloiche sa chuid seo den phortach ag úsáid cloch a gheofar ó chairéil áitiúla.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

Nuair a chríochnófar an tógail, fágfar cead slí buan 14m ar leithead i bhfeidhm ar feadh saolré an phíblíne, seachas i bportaigh áit ina mbeidh gá le cead slí buan 20m ar leithead chun an bóthar cloiche a thógáil. Beidh roinnt srianta i ndáil le talamhúsáid laistigh den chead slí buan (tógáil foirgneamh, plandáil crann, treabhadh domhain s.rl.) ach thairis sin fillfidh an talamh sa cheantar seo go gnáth-riocht chomh luath agus atá tógáil agus athchruthú curtha i gcrích.

Leagfar amach agus déanfar fálú ar an limistéar i ndáil le Suiteáil Chomhla um Radharc Talún (LVI) sula dtosaítear ar thógáil. Bunófar campún ar leith freisin óna mbunófar gníomhachtaí tógála sa cheantar seo. Beidh rochtain ar an LVI trí mheán an bhóthair rochtana ón mbóthar áitiúil L1202.

An chéad chéim de thógáil an LVI ná an suíomh a thochailt de réir na leibhéal riachtanacha. Déanfar barrithir a stóráil ar leith chun an taisce síl áitiúil a chaomhnú agus chun athchruthú a éascú. Tá buncharraig lonnaithe thart ar 3 - 4m faoi bhun leibhéal na talún. Tar éis a comhlíontar an tochailt, cuirfear tús le réimse oibreacha sibhialta éagsúla. Áirítear leo seo tógáil na mbunsraitheanna, fálú agus córas draenála uisce dromchla. Déanfar formhór d'obair phíbe an LVI agus an trealamh a ghabhann leis i gcodanna lasmuigh den suíomh, tabharfar chuig an suíomh iad agus cuirfear le chéile ar an láthair iad agus ansin nasctha leis an bpíblíne amach ón gcósta agus an píblíne ar an gcladach de réir mar is cuí.

Ar chomhlíonadh na n-oibreacha tógála, déanfar an ceantar mórthimpeall ar an LVI a athchruthú leis an mbarrithreach stóráilte go sealadach. Chomh maith leis sin, éascóidh an campún sealadach lonnaithe i nGleann an Ghad chun tacú le tógáil an LVI tástáil agus coimisiúnú an phíblíne agus an t-imleacán leagtha amach ón gcósta, agus beidh i bhfeidhm i gcaitheamh na tréimhse tógála 26 mí.

## 7.3 ROCHTAIN

Is é slógadh innealra agus pearsanra tógála mar aon le seachadadh agus baint na n-ábhar tógála a chruthóidh an chuid is mó den trácht a bhainfidh leis an tionscadal. Tarlóidh líon suntasach gníomhaíochtaí tógála ón gcampún tollánaithe sealadach sna hEachú. Tá dhá phointe rochtana beartaithe ón gcampún seo go dtí an bóthar poiblí L1202 in aice láimhe.

De réir mar a théann tógáil an phíblíne ar aghaidh ar thalamh, bogfaidh an trácht a bhaineann leis ar aon dul leis an tógáil. Soláthróidh an gréasán bóithre poiblí rochtain ar na hoibreacha sa chás nach féidir an limistéar oibre sealadach a úsáid le haghaidh rochtana. Bainfear as feidhm na pointí rochtana agus na háiseanna tógála sealadacha ar fad nuair a bheidh an tógáil críochnaithe agus déanfar an talamh a athchruthú.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

## 7.4 BAINISTÍOCHT CHOMHSHAOIL

Chun a chinntiú go n-íoslaghdaítear na tionchair timpeallachta a bheidh ag oibreacha tógála, ullmhófar Plean Bainistíochta Comhshaoil (EMP) cuimsitheach i gcomhairle leis na comhlachtaí reachtúla ábhartha, lena n-áirítear Comhairle Contae Mhaigh Eo, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt. Cinnteoidh cur i bhfeidhm an phlean seo go gcuirfear na bearta maolaithe agus monatóireachta aitheanta san EIS seo i bhfeidhm i gcaitheamh na céime tógála agus cinnteofar go ndéanfar na hiarmhairtí comhshaoil a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe seo a sheachaint nó a íoslaghdú.

## 7.5 TÁSTÁIL AGUS COIMISIÚNÚ

Tosóidh tástáil agus coimisiúnú an phíblíne ar an gcladach chomh luath agus atá sé críochnaithe ar bhonn meicniúil. Cuirfear an tástáil i gcrích de réir na gcaighdeán tionscail ábhartha.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

# 8 AN TIMPEALLACHT DAONNA

## 8.1 POBAL AGUS SOCHEACNAMAÍOCHT

An príomhábhar imní atá ag SEPIL ná nach mbraitheadh daoine daonna i ngiorracht an phíblíne beartaithe aon laghdú suntasach sa chaighdeán maireachtála mar thoradh ar thógail agus feidhmiú na forbartha beartaithe agus nach gcuirfeadh an tionscadal seo isteach ar an mbraistint áite agus ar an gceangal cultúir agus oidhreachta sa cheantar.




For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

Comharthaíocht bhóthair i nGaeilge ag léiriú réigiún Gaeltachta.

Beidh fostaíocht agus buntáiste geilleagrach ann mar thoradh ar an tionscadal, ach beidh na tionchair sealadacha gearrthéarmacha seo a leanas ag tionscadal ar nádúr agus scála foriomlán dá leithéid seo sa cheantar seo ar an gcónaitheoir áitiúil, ar chuairteoirí agus ar an bpobal oibre, le linn na tógála:

- Trácht feithiclí breise;
- Breis torainn, salachair agus smúit;
- Deighilt bhreise idir ghabháltais talún eiseacha;
- Tionchar amhairc na n-oibreacha; agus
- Suaitheadh breise, lena n-áirítear rochtain áitiúil teoranta go sealadach.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

Tá an pobal cónaithe leis an gcumas is mó le haghaidh suaitheadh suite i ngiorracht don phíblíne cladaigh beartaithe lena n-áirítear na hEachú, Gleann an Ghad, Poll an tSómais, agus Droichead Bhéal an Átha Buí.

Tá Oifigigh Chaidrimh Poiblí ar fáil chun idirchaidreamh leis an bpobal agus freastal ar aon ábhar imní a thagann chun cinn le linn céim tógála na forbartha beartaithe.

Beidh buntáistí ag forbairt an phíblíne ar an gcladach don phobal áitiúil. Le céim tógála na forbartha foriomláin de chuid Gáscheantair na Coiribe, a bhfuil forbairt an phíblíne cladaigh beartaithe mar ghné amháin dá chuid, cruthaíodh buaic-fhostaíocht tógála sa bhliain 2009 de thart ar 1,500 duine. Táthar ag tuar go bhfostófar thart ar 120 go 140 duine le linn tógail an phíblíne amach ón gcósta. Beidh an fhostaíocht seo a bhaineann go príomha le tógáil ar fáil do bhaill an lucht oibre áitiúil atá oilte go cuí. Mar sin féin, rachaidh roinnt post i dtreo speisialtóirí tollánaithe agus píblíne, cosúil le táthairí, oibreoirí TBM s.rl. Beidh tairbhe nó comhdhlúthú indíreach fostaíochta leis an bhforbairt bheartaithe freisin i dtionscail tacaíochta áitiúla, lena n-áirítear soláthraithe tógála, lónadóirí, miondíoltóirí ginearálta agus lucht cóiríochta. Meastar freisin go mbeidh thart ar 55 duine fostaithe go díreach le linn oibriú ar fhorbairt Gháscheantair na Coiribe, le 76 breise fostaithe go hindíreach. Dá bhrí sin, glactar leis go mbeidh an tionchar féideartha le linn tógála agus oibriúcháin suntasach agus dearfach i dtéarmaí socheacnamaíocha.

Sa bhreis air sin, rachaidh an pobal áitiúil chun leasa cur i bhfeidhm Clár Infheistíochta Sóisialta Pobail Chomhpháirtithe Gáis na Coiribe i gceantar Iorrais. Cuimsíonn an clár infheistíochta seo trí ghné ar leith: Ciste Forbartha Iorrais Gháis Nádúrtha na Coiribe, an Clár Deontas Áitiúil, agus an Clár Scoláireachta.

## 8.2 TRÁCHT

For inspection purposes only. Consent of copyright owner required for any other use.

Rinneadh Measúnú Tionchair Tráchta (TIA) chun an tionchar na forbartha beartaithe ar an ngréasán bóithre áitiúil a mheas.

Téann bóthar réigiúnach an R314, a nascann Béal an Mhuirthead le Baile an Chaisil, ó dheas ón bhforbairt bheartaithe. Tá stádas bóithre áitiúla ag na bóithre eile go léir atá cóngarach don phíblíne beartaithe agus soláthraíonn siad nascachtaí le sráidbhailte cosúil le Ros Dumhach, Ceathrú Thaidhg, Port Durlainne, an tInbhear, Na hEachú, Gleann an Muaidhe agus Poll an tSómais. Faoi láthair tá an trácht ar na bóithre seo éadrom go maith agus bainteach don chuid is mó le turais áitiúla.

An t-aon tionchar tráchta suntasach a bhainfidh leis an bhforbairt bheartaithe ná le linn na céime tógála a meastar a leanfaidh ar aghaidh ar feadh 26 mí. Táthar ag ceapadh gurb é an tréimhse is mó tógála maidir le gluaiseachtaí feithiclí troma tráchtála (HCV) ar an ngréasán bóithre trí chéile ná Mí 2 mar gheall ar onnmhairiú móna, allmhairiú cloiche agus seachadadh an ábhair fhálaithe, botháin suímh, coincréit innealra agus trealamh. Le linn na tréimhse is mó tógála meastar go mbeidh 236 ghluaiseacht fháinneach HCV go hiomlán agus 331 gluaiseacht chairr/bhus laethúil bainteach leis na hoibreacha. Cé go mbeidh sé riachtanach na hoibreacha tollánaithe a chur i gcrích ar bhonn 24 uaire, ní bheidh aon ghluaiseachtaí tráchta bainteach leis na hoibreacha taobh amuigh de na huaireanta srianta atá gnásúil do thionscadail tógála.

Cuirfear Plean Bainistíochta Tráchta (TMP), a bheidh faoi réir comhairliúcháin mhionsonraithe le Comhairle Contae Mhaigh Eo, i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil tionchar íosta ar dhaoine agus ar ghníomhaíochtaí áitiúla. Áireoidh an TMP, i measc eile, na bearta maolaithe seo a leanas:

- Cuirfear srian ar ghluaiseachtaí HCV a bheidh bainteach leis an gcéim tógála go 07:00 – 19:00, Luan go hAoine, 08:00 – 16:00 ar an Satharn, gan aon ghluaiseacht ar an Domhnach nó ar Laethanta Saoire Bainc. Cuirfear srian le gluaiseacht HCV freisin i giorracht Scoil Poll an tSómais i gcaitheamh uaireanta oscailte agus dúnta na scoile.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

- Leagfar síos luasteorainn uasta 60 míle san uair ar gach feithicil HCV ar Bhealaí Iompair ar an R313, L1204, R314, L1202 agus ar na bóithre áitiúla eile ar fad le linn na tréimhse tógála, le rátaí luais níos ísle i bhfeidhm in áiteanna áirithe eile. Bainfear feidhm as feithicil tomhais ó am go ham leis an riachtanas seo a chur i bhfeidhm.

Beidh gá le hoibreacha cothabhála bóthair le linn tréimhse an tionscadail. Aontófar orthu seo i gcomhairle le Comhairle Contae Mhaigh Eo i ndiaidh suirbhéanna ar choinníollacha amhairc agus bóthair.

Beidh gluaiseachtaí tráchta íosta i gceist le linn tréimhse oibriúcháin an phíblíne beartaithe agus gan gach na seiceálacha cothabhála de dhíth ar bhonn rialta.

Taispeánann an Measúnú Tionchair Tráchta a cuireadh i gcrích gur féidir tionchair tráchta dhiúltacha le linn tógála a mhaolú go sásúil. Dá bhrí sin, is féidir a rá go mbeidh an tionchar tráchta iarmharach foriomlán do-airithe.

## 8.3 CAIGHDEÁN AN AEIR

Tá caighdeán an aeir sa cheantar an-maith, le leibhéil truaillithe i bhfad faoi bhun na caighdeáin cháilíochta aeir ábhartha.

Rinneadh measúnú le linn na tréimhse tógála (thart ar 26 mí) ar scála áitiúil chun an tionchar ar shláinte dhaonna a mheas. Tiocfaidh na príomh-thionchair ar chaighdeán an aeir ó:

- Smúit tógála;
- Astuithe innealra tógála; agus
- Astuithe i ndáil leis an trácht tógála.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

Tá sé de chumas acu seo tionchar a bheith acu ar an tsláinte dhaonna agus ar éiceachórais íogaire agus a bheith mar chúis le crá timpeallachta.

Beidh na tionchair a bheann le smúit ar ghlacadóirí cónaitheach íosta agus meastar go mbeidh tionchar dobhraite acu ar ghabháltais talmhaíochta áitiúla. Táthar ag ceapadh go mbeidh tionchar na tráchta tógála ar an ngréasán bóithre áitiúil agus ar na bealaí iompair beartaithe idir thionchar dobhraite agus measartha diúltach i rith gearrthéarma na tréimhse tógála. An tionchar a bheidh ar chaighdeán an aeir ó oibriú na ngineadóirí sa champún tollánaithe sna hEachú ar na tithe cónaithe is giorra mar thionchar beagán diúltach sa ghearrthéarma, ach i bhfad faoi bhun an teorainn i ndáil le cosaint sláinte dhaonna.

Cuirfear sraith beart maolaithe i bhfeidhm chun a chinntiú go n-íoslaghdaítear smúit, tracht agus astuithe innealra. Cuirfear dea-chleachtais oibre i bhfeidhm mar chuid de Phlean Bainistíochta Comhshaoil agus Plean Bainistíochta Tráchta.

Ní bheidh aon tionchair dhíreacha ar chaighdeán ar aeir áitiúil mar thoradh ar fheidhmiú na forbartha bheartaithe.

Ní bheidh aon tionchar iarmharach ar chaighdeán an aeir mar thoradh ar fhorbairt bheartaithe Phíblíne Cladaigh na Coiribe.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

## 8.4 AERÁID

Tiocfaidh astuithe a bhfuil an cumas acu a bheith mar chúis le hathrú aeráide as gníomhaíochtaí i gcaitheamh céim thógála na forbartha beartaithe lena n-áirítear tomhailt breosla agus le linn iompair ábhar agus caillteanais charbóin ó bhaint móna. Mar sin féin, i gcomhthéacs na n-astuithe náisiúnta, beidh ranníocaíocht na n-astuithe gáis cheaptha teasa ag eascairt ó thógáil an phíblíne ar an gcladach dobhraite.

Tá astuithe CO2 níos ísle ag gás ná gual agus ola nuair a mbaintear úsáid as mar bhreosla do ghiniúint cumhachta, agus léiríonn sé an rogha breosla mar chúltaca don chumhacht gaoithe de bharr an astaithe íseal CO2 agus tosú gasta. Dá bhrí sin beidh tionchair dearfacha ar an aeráid mar thoradh ar oibriú Phíblíne Cladaigh beartaithe na Coiribe, i gcomhthéacs forbartha gáis foriomlán na Coiribe.

## 8.5 TORANN AGUS CRITH

Tá ceantar na forbartha beartaithe tuaithe agus le daonra scaipthe ann, le leibhéal torainn bonnlíne íseal mar thoradh air sin, go háirithe istoíche. Rinneadh suirbhé torainn chúlra chun cainníochtú a dhéanamh ar an torann eiseach ag roinnt suíomh ar feadh bealach an phíblíne agus an bhealaigh iompair beartaithe. Tríd is tríd, bhí torann iompartha san aer, ceol na n-éan, torann na dtonn agus torann tráchta eadrannach san áireamh mar phríomhfhoinsí torainn ar feadh bealach an phíblíne agus an bhealaigh iompair.

Beidh tionchair torainn agus chreatha ardaithe os cionn na leibhéil bonnlíne eiseacha ó thrácht tógála agus gníomhachtaí tógála a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe, ach beidh siad seo gearrthéarmach go maith. An príomhfhoinse i ndáil le torann agus crith tógála ná an campún tollánaithe sna hEachú mar is anseo a dhéanfar na hoibreacha tógála a bhaineann le feidhmiú tollánaithe. Tionchar gearrthéarma a bheidh anseo. Is é trácht tógála a bhaineann le hiompar innealra agus ábhar an príomhfhoinse torainn agus creatha ar feadh an bhealaigh iompair, ach arís ní bheidh i gceist ach tionchar gearrthéarmach.

For inspection purposes only. Consent of copyright owner required for any other use.

Tá féidearthachtaí ann do chrith talamh-iompartha ar mhinicíocht íseal a gintear i rith tollánaithe le braistint sa ghaineamh ar ghrinneall na farraige laistigh de Shruth Fada Con. Déanfar an crith seo a tharchur chuig an uisce sa bhá agus ginfidh sé leibhéil ísle torainn san uisce. Beidh éagsúlú ar nádúr agus fairsinge an leibhéil torainn leis an méid uisce sa bhá agus láthair iarbhír an TBM. Rinne speisialaithe éiceolaíochta ábhartha measúnú ar na tionchair féideartha.

Nuair a ghabhann an TBM thar bhráid, táthar tar éis a thuar go mbeidh na leibhéil creatha sna háitribh is cóngaraí (idir Poll an tSómais agus Gleann an Ghad) i bhfad faoi bhun an teorainn i ndáil le cumas aireachtála creatha an duine daonna. Fiú ag áireamh aimpliú féideartha na creatha talamh-iompartha laistigh d'fhoirgnimh (m.sh. urláir crochta), beidh an leibhéal creatha i dtithe idir Poll an tSómais agus Gleann an Ghad nuair ata an TBM ag gabháil thart dóchúil le bheith i bhfad faoi bhun na tairsí daonna i leith crith a aireachtáil. Mar sin, ní chuirfidh an tollánú isteach go suntasach ar dhaoine daonna sa cheantar.

Cuirfear sraith beart maolaithe agus dea-chleachtais oibre i bhfeidhm mar chuid den Phlean Bainistíochta Comhshaoil don chéim thógála, chun leibhéil torainn agus chreatha a íoslaghdú. Áirítear anseo, mar shampla, suiteáil claí cosanta fuaime 3m ar airde mórthimpeall imlíne an champúin tollánaithe sna hEachú. Chomh maith leis sin, tabharfar faoi chlár monatóireachta torainn agus creatha ag glacadóirí íogair (.i. na háitribh agus foirgnimh sin a d'fhéadfadh tionchair torainn/chreatha a bhrath) i gcaitheamh na tréimhse tógála. Ceadóidh sé seo d'athbhreithniú leanúnach na leibhéal torainn agus creatha a thagann ó na hoibreacha tógála agus aibhseofar an gá atá le bearta maolaithe breise sa chás go mbeadh gá leo lena chinntiú nach dtarlaíonn núiseanna torainn.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

Chomh luath agus atá an fhorbairt i mbun feidhme ní bheidh aon tionchair torainn nó chreatha suntasach i gceist.

## 8.6 TÍRDHREACH AGUS TIONCHAR AMHAIRC

Is tírdhreach féaraigh cruinn, atá ag tonnadh go réidh, é formhór an tírdhreacha sa réigiún seo atá fíor-oscailte mar gheall ar easpa gnéithe topagrafacha agus fásra ard. Tá cuma mhín ar an tírdhreach a sholáthraíonn radhairc fhorleithne agus lánléargais ann feadh an chósta agus na gcuanta. Is tírdhreach nocht agus garbh atá ann mar gheall ar a chóngaracht don chósta. Téann cnoic chruinne arda ardtalún Dhún Ceartáin agus Chnoc an Ghairtéil síos go tréan chuig an gcósta ar bhonn drámata agus is tarraingteach an cúlra a thugann siad do radhairc thar chuanta agus góilíní.

Tá Bóthar an Chontae (L1202) mórthimpeall ar Dhún Ceartáin ón R314 ag Barr na Trá go dtí pointe thart ar 2km siar ón R314 ag Béal an Ghoile Theas ag féachaint anuas ar Bhá Chnocán na Líne agus Sruth Fada Con ainmnithe mar bhealach sárscéimhe. Tá sraith de radhairc faoi chosaint ainmnithe freisin ar feadh an bhealaigh sárscéimhe.

Toisc go mbeidh an píblíne gáis, an píblíne sceite agus seirbhísí curtha faoi thalamh i gcaitheamh an fhaid agus iad i dtollán faoi bhun Shruth Fada Con ní bheidh aon tionchar buan ar an tírdhreach.

D'fhéadfadh roinnt tionchar gearrthéarmacha a bheith i gceist le hoibreacha a bhaineann leis na céimeanna tógála agus athchruthaithe. Bainfear feidhm as beartais mar shoilsiú dírithe ar an talamh le linn na tréimhse tógála chun aon tionchar féideartha ón soilsiú a laghdú. Am gearrthéarmach (bliain amháin go seacht mbliana) a cheaptar a thógfaidh sé an fásra a athshlánú go hiomlán sna ceantair ar cuireadh isteach orthu agus beidh éagsúlú leis seo de réir an chineáil fásra.

For inspection purposes only. Consent of copyright owner required for any other use.

Beidh gnéithe os cionn na talún i gceist leis an Suiteáil Chomhla um Radharc Talún (LVI) atá beartaithe do Ghleann an Ghad. Mar sin féin, is beag athrú a dhéanfar ar an tírdhreach mar thoradh ar lonnú cúramach na suiteála. Tá an tírdhreach ina bhfuil an tsaoráid lonnaithe forleathan, rud a chuidíonn freisin íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar timpeallachta féideartha a bheidh ag na gnéithe nua. Ní bheidh aon tionchair amhairc suntasacha i gceist do ghabháltais a le radharc ionchais acu thar suíomh an LVI.

## 8.7 SÓCMHAINNÍ ÁBHARACHA

Téann sciar neamh-thollánaithe de bhealach an phíblíne beartaithe trí thailte féaraigh a n-úsáidtear le haghaidh beathaithe stoic tirim agus trí phortaigh (a nglactar leis mar iníor garbh), atá ar chaighdeán sách íseal ó thaobh talmhaíochta agus a úsáidtear le haghaidh beathaithe stoc tirim. Mar sin féin, téann formhór den sciar seo trí fhoraoiseacht.

Sa chuid den bhealach a théann trí fhéarach beidh cead slí buan 14m ar leithead agus i bportaigh agus foraoiseacht beidh cead slí buan 20m ar leithead chun freastal ar an mbóthar cloiche. Beidh an tionchar ar thalmhaíocht teoranta i gcoitinne chuig an tréimhse tógála agus athchruthaithe agus séasúr nó dhó ina dhiaidh sin. Chomh luath agus a athchruthaítear í, ní bheidh aon teorainn le gníomhaíochtaí talmhaíochtaí cosúil le hiníor ní curaíocht laistigh den chead slí 14 médar i bhféarach, agus an cead slí 20 méadar i bportaigh.

Ní cheadófar crainn a chur, agus beidh caillteanas buan logánta i gceist ó thaobh sábháil adhmaid laistigh den chead slí buan 20m. Áit a mbíonn caillteanas i gceist déanfar sealbhóirí talún a chúiteamh. Rachaidh Oifigeach Idirchaidrimh Talmhaíochta i mbun cumarsáide le húinéirí talún/áititheoirí maidir le saincheisteanna talmhaíochta a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn na tógála.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

An tionchar iarmharach a bheidh ar thalmhaíocht ná miontionchar, fadtéarmach sna thailte atá bainteach leis an LVI de bharr caillteanas talún le haghaidh táirgíochta. Beidh tionchar iarmharach measartha, fadtéarmach ar tháirgíocht foraoiseachta laistigh den chead slí buan. An tionchar iarmharach a bheidh ar na tailte eile a úsáidtear le haghaidh iníor agus táirgíochta féir ná tionchar gearrthéarmach agus mion.

Tá measúnú déanta ar acmhainn forbartha agus luachanna talún an cheantair freisin. Is ionann acmhainn forbartha agus an acmhainn atá ag ceantar freastal ar fhorbairt nua, cónaitheach den chuid is mó, agus chomh maith leis sin an acmhainn Bronnadh Cead Pleanála a chinntiú d'fhorbairt bheartaithe dá leithéid. Meastar go bhfuil an acmhainn forbartha ar bhealach an phíblíne cladaigh beartaithe teoranta go suntasach agus dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar iarmharach suntasach ar aon acmhainn forbartha. Mar an gcéanna, ní bheidh aon tionchar iarmharach ar an margadh maoine toisc go bhfillfidh sé de réir a chéile ar threochtaí gnásúla le praghsanna tí á gcinneadh ag éileamh agus soláthar nuair a chomhlíontar an tógáil.

I dtéarmaí measúnú na n-acmhainní nádúrtha eile atá de dhíth ar an tionscadal seo tá sé beartaithe uasmhéadú a dhéanamh ar athúsáid na n-ábhar a thagann chun cinn, lena n-áirítear eascairtí dramhaíola an tolláin. Laghdóidh sé seo an t-éileamh ar chairéil áitiúla le haghaidh ábhar comhchosúil agus tá sé faoi réir phrionsabail na forbartha inbhuanaithe. Táthar tar éis roinnt roghanna athúsáide a aithint i leith ábhair farasbarr agus pléifear iad seo a thuilleadh le tríú pháirtithe ábhartha de réir rialacháin na bainistíochta dramhaíola. An cuspóir a bheidh ann ná ábhair ath-inúsáidte a bhainistiú chomh háitiúil agus is féidir fad atáthar ag íoslaghdú méideanna na n-ábhar in ath-inúsáidte a chuirtear chuig líonadh talún.

Ionchorpraíonn dearadh an champúin tollánaithe beartaithe sna hEachú gnéithe na hinbhuanaitheachta chun uisce báistí a athghabháil le húsáid i rith an phróisis tollánaithe. An toradh a bheidh ar uisce báistí a saothraíodh a úsáid ná laghdú tráchta agus laghdú éilimh ar fhoinsí fionnuisce.

Déanfar amhábhair a fhoinsiú go háitiúil nuair is féidir le linn tógáil an phíblíne beartaithe, mar sin féin, beidh sé riachtanach ábhair áirithe ar nós an píblíne agus seirbhísí a allmhairiú.

Níl aon tionchair iarmharacha suntasach ag eascairt ón bhforbairt bheartaithe tuartha i ndáil le foinsí nádúrtha nó eile.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

# 9 AN TIMPEALLACHT NADÚRTHA

## 9.1 TIMPEALLACHT NA TALÚN

Príomhghnáthóga na talún a thagann chun cinn ar feadh an bhealaigh bheartaithe ná foraoiseacht bhuaircíneach agus féarach feabhsaithe ar bhonn talmhaíochta. Tá luach éiceolaíochta na ngnáthóg ar feadh an bhealaigh athraitheach. Cé go bhfuil luach éiceolaíochta sách íseal ag na ceantair féaraigh talmhaíochta agus foraoiseachta buaircíní, tá cinn eile sainaitheanta in Iarscríbhinn 1 an AE, mar ghnáthóga idirthaoideach agus muirisce ag inbhear Abhainn an Líonáin Mhóir a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo. Ní áirítear na gnáthóga bratphortaigh ar an láthair mar chuid nó mar iomlán d'aon suíomh caomhantais ainmhithe. Tá réimse luach éiceolaíochta acu ó Íseal, Áitiúil/Measartha go Tábhachtach ar bhonn Náisiúnta. Tá cuid mhaith den bhealach i nGleann an Ghad laistigh de Limistéar Caomhantais Speisialta iarrthóra (cSAC) Choimpléasc Portaigh Ghleann na Muaidhe, agus luíonn gnáthóga idirthaoideacha agus inbhir de chuid Sruth Fada Con laistigh den cSAC agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta molta Bhá an Fhóid Duibh/Chnocán an Líne (pSPA).

Tá fána veirteabraigh an cheantair gnásúil i ndáil leis na gnáthóga éagsúla, le léiriú maith ar speicis choiteann agus uileláithreach lena n-áirítear madraí uisce, broic, gráinneoga, lucha féir, dallóga fraoigh agus easóga Éireannacha. Ar na mamaigh, tá aird faoi leith le tabhairt ar an madra uisce (speiceas Iarscríbhinn 11 faoi Threoir maidir le Gnáthóga an AE), agus atá liostaithe freisin sa Leabhar Sonraí Dearg. Tá a fhios againn gur féidir madraí uisce a fháil i ngnáthóga ar fud an chósta agus sa cheantair intíre freisin. Is féidir le madraí uisce agus le mamaigh eile cur suas le suaitheadh ar shlí sách maith, ach beidh tionchar ag tógáil an phíblíne orthu sa ghearrthéarma.

Tá líon iomlán de 66 speiceas éan taifeadta i staidéar uisciúil a rinneadh ar cheantar Shruth Fada Con. Níor sháraigh ach speiceas amháin, an Cadhan Geal, táirseach na n-uimhreacha tábhachta náisiúnta (.i. 1% den Daonra Náisiúnta measta). Tá líon iomlán 47 speiceas aimsithe trí staidéir thalamh bhunaithe sa cheantar ina bhfuil bealach an phíblíne beartaithe. Go ginearálta, meastar éagsúlacht agus líonmhaireacht éan a bheith sách íseal. Sonraíonn an ganntanas fásra aibí "adhmadach" – taobh amuigh den phlandáil bhuaircíneach – nádúr cósta na gcodanna talún den cheantar faoi staidéar. Míníonn sé freisin an ganntanas nó easnamh speicis choitianta éan talún atá coitianta go náisiúnta.

Consent of copyright owner required for any other use.
For inspection purposes only.

Rachaidh tollán thart ar 4.9km faoi riasc, muirisce, agus faoi ghnáthóga inbhir Shruth Fada Con. Beidh an chuid is mó den tollán faoi pSPA Bhá an Fhóid Duibh/Chnocán na Líne agus cSAC Choimpléasc Portaigh Ghleann na Muaidhe. Níl aon oibreacha tógála dromchla beartaithe laistigh de Shruth Fada Con.

Chun an tionchar ar speicis fána faoi chosaint a sheachaint agus a íoslaghdú, déanfar bearta maolaithe sonrach a ionchorprú i leagan amach na n-oibreacha tógala - go háirithe i leith madraí uisce, broc agus froganna sa cheantar. Cuirfear beartais i bhfeidhm leis an torann agus an solas atá ag teacht ó na campúin sna hEachú agus i nGleann an Ghad a laghdú chun an tionchar ar an pSPA in aice láimhe, a chuid speiceas éan agus madraí uisce a mhaolú.

Beidh tionchar ar ghnáthóga le linn tógáil an phíblíne ach ní bheidh aon tionchar fadtéarmach ann de thoradh athchruthaithe rathúil. Cuirfear bearta maolaithe le haghaidh gnáthóga, lena n-áirítear athchruthú gnáthóige do na cineálacha éagsúla gnáthóg i bhfeidhm.

Beidh glanadh fásra agus athchruthú na limistéar oibre faoi réir ráitis modha a beidh faoi stiúir an Éiceolaí Tionscadail agus faoi mhaoirseacht Oifigigh Chomhshaoil lánaimseartha. Déanfar monatóireacht ar ghnáthóga agus ar speicis le linn tógala agus taréis athchruthaithe.

Ar an iomlán, mar gheall ar nádúr logánta an limistéir oibre sealadach agus fairsinge teoranta na gcampún tógála sealadach sna hÉachú agus i nGleann an Ghad, na bearta maolaithe beartaithe,



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

agus infhaighteacht na ngnáthóg comhchosúla leo siúd a bheidh tionchar díreach orthu, ceaptar nach mbeidh aon tionchair suntasacha nó iarmharacha ar an pSPA nó ar éanlaith an cheantair i gcoitinne.

Caillfear roinnt éigin gnáthóg ar láthair na Suiteála Comhla um Radharc Talún, ach beidh sé seo lonnaithe i gceantar féarach a feabhsaíodh roimhe seo, le luach íseal éiceolaíochta aige. Ní bheidh aon tionchar eile ar an éiceolaíocht talún i rith tréimhse oibriúcháin na forbartha.

Ar bhonn fadtéarmach beidh tionchair dobhraite nó neodrach ar an éiceolaíocht talún.

## 9.2 TIMPEALLACHT FHIONNUISCE

Tá an ceantar staidéir don bhealach beartaithe srianta go Sruth Fad Con agus na haibhneacha agus srutháin, a shníonn isteach sa bhá. Trasnaíonn an bealach beartaithe dhá shruthán agus trasrian inbhearach amháin ar abhainn ar a dtugtar Abhainn an Líonáin Mhóir go háitiúil. Baineann tábhacht éiceolaíochta íseal go measartha agus luach iascaigh íseal leis na sruthchúrsaí seo. Tá Sruth Fada Con mar chuid de cSAC Choimpléasc Portaigh Ghleann na Muaidhe agus is bealach imirceach tábhachtach é do Bhradán an Atlantaigh, atá mar speiceas Iarscríbhinn II an AE (Treoir maidir le Gnáthóga an AE) freisin.

I gcaitheamh tógála na dtrasrianta seo, tá an baol ann go gcuirfí isteach ar na gnáthóga sin ar bhonn sealadach, agus scaoileadh na solad agus na n-ábhar salaithe ar fuaidreamh. Mar sin féin, cuirfear bearta i bhfeidhm leis na tionchair seo a íoslaghdú.

Cé go laghdófar an baol ó sholaid ar fuaidreamh go mór trí mhaolú, is dócha go dtarlóidh roinnt sil-leagan gláir. Mar sin féin, is tionchair shealadacha a bheidh i dtionchair den sórt sin, nach mairfidh níos mó ná bliain amháin nó níos lú i bhformhór na gcásanna. Beidh modhanna tógála speisialaithe á úsáid mar chuid de na bearta maolaithe agus bearta á gcur i bhfeidhm chun dríodar a rialú.

Táthar den tuairim nach mbeidh ach tionchar diúltacha dobhraite ag aon torann agus crith a thagann ón meaisín tollta tolláin ar bhradán agus ar bhreac i Shruth Fada Con.

Ní bheidh aon tionchar ar éiceolaíocht fhionnuisce i rith tréimhse oibriúcháin na forbartha, agus ní bheidh aon tionchar iarmharach ar an éiceolaíocht fhionnuisce mar thoradh ar an bhforbairt ina iomláine.

Consent of copyright owner required for any other use.
For inspection purposes only.

## 9.3 TIMPEALLACHT MHUIRÍ/INBHIR

Is éiceachóras dinimiciúil é Shruth Fada Con ag soláthar crios trasdultach idir sruth an fhionnuisce agus an timpeallacht mhuirí iomlán de Bhá Chnocán na Líne.

Tá se beartaithe tollánú faoin mbá leis an suaitheadh dromchla a sheachaint. Táthar den tuairim nach mbeidh ach tionchar diúltach dobhraite ag torann agus crith ón meaisín tollta tolláin ar fhána mara Shruth Fada Con.

Ní bheidh aon tionchair ar an timpeallacht mhuirí/inbhir le linn céim oibrithe na forbartha.

Ar choinníoll go gcuirtear na gníomhaíochtaí tollánaithe i bhfeidhm go rathúil, ní bheidh aon tionchar timpeallachta iarmharach sa chuid mhuirí de Shruth Fada Con.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32



Radharc anoir/anoir -aneas ar Shruth Fada Con ó phointe ar L1202 cóngarach do Ghleann an Ghad

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

## 9.4 ITHREACHA, GEOLAÍOCHT, HIDREOLAÍOCHT AGUS HIDRIGEOLAÍOCHT

Tá na gaineamhchlocha is sine Éirinn agus san Eoraip mar fhoshraith ag an gceantar seo de Mhaigh Eo. Tá roinnt beag tille a thagann ó ghaineamh séidte i láthair, ag imeall iartharach de Shruth Fada Con agus ó thuaidh ón mbá, in aice leis an gcósta. Ar feadh na ngleannta aibhneach, tá sil-leagain ghláracha atá comhdhéanta d'ábhar ghráinneach measctha (ó cháithníní gainimh go bolláin) i láthair.

I gcaitheamh na tógála, i measc na dtionchar féideartha ar ithreacha, ar gheolaíocht, ar hidreolaíocht agus ar hidrigeolaíocht áirítear scaoileadh ábhair salachair trí thimpiste, lagú struchtúir móna agus/nó athrú i ndoimhneacht móna de bharr tochailt agus stóráil ábhar móna, cur isteach ar an hidrigeolaíocht nádúrtha agus leibhéal dríodair méadaithe i sruthchúrsaí mar thoradh ar fho-bhonn bóthair a ionláithriú agus trácht suímh.

Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun na tionchair féideartha seo a sheachaint nó a íoslaghdú. Ina measc seo áirítear modheolaíochtaí tógála speisialaithe, bainistiú uisce dromchlach cúramach, baint na sraithe beo ar bharr an phortaigh roimh oibreacha agus athshuíomh cúramach an cheantair nuair a chuirtear tógáil i gcrích.

Sa Chlár Rioscaí Geoiteicniúla, a cuireadh le chéile le guaiseacha geoiteicniúla agus bearta rialaithe rioscaí le linn céimeanna dearaidh agus tógála an tionscadail a áireamh, tá cur síos ar thionchair iarmharacha (nó riosca) nuair atá bearta maolaithe curtha i bhfeidhm.

I ndiaidh cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe beartaithe, níltear ag súil ach le miontionchar iarmharach nó gan tionchar ar bith ar réimeas hidrigeolaíochta/draenála reatha mar thoradh ar thógáil agus ar oibriú an tionscadail bheartaithe.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

Ní bheidh aon tionchar iarmharach ar hidreolaíocht le linn oibriúcháin na forbartha beartaithe, ach ag an LVI, áit ina bhfuil sé de chumas ag uisce dromchla leibhéal an urláir san LVI a bhaint amach le linn coinníollacha fíordhona (drochaimsir, leibhéil arda screamhuisce agus taoidí).

Bunaithe ar thaithí ó staidéir hidreolaíoch portaigh i mbratphortaigh, i dtéarmaí an tionchair iarmharaigh ar hidreolaíocht phortaigh beidh tionchar iarmharach dobhraite ag an bhforbairt bheartaithe ar an hidreolaíocht phortaigh agus ar ghnáthóga neamh-shainithe Iarscríbhinn 1 atá i láthair, ar bhratphortach ag téarnamh é sa chás reo.

Seachas láithreacht fhisiciúil an phíblíne, an LVI, an tollán agus an bóthar cloiche ní bheidh aon tionchair iarmharacha ar ithreacha, ar gheolaíocht, ar hidreolaíocht (lena n-áirítear hidreolaíocht phortaigh) agus ar hidrigeolaíocht, le linn tréimhse oibriúcháin na forbartha.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

# 10 SEANDÁLAÍOCHT, OIDHREACHT AILTIREACHTA AGUS CHULTÚRTHA

Aithníodh ceithre ghné de chumas seandálaíochta, a mbeidh bearta maolaithe suntasacha de dhíth i gcaitheamh tógála más rud é go meastar gur díol spéise iad ó thaobh seandálaíochta. Lena chois sin, gabhann an bealach beartaithe trí thírdhreacha éagsúla a d'fhéadfadh cumas seandálaíochta 'holaithe' a bheith acu, mar gheall ar an raon tíre. Ina measc seo airítear trasrianta cúrsaí uisce cosúil le Sruth Fada Con agus trasnú Abhann an Líonáin Mhóir. Tógfar an píblíne trí tollánú faoin mBá, ag seachaint aon ghnéithe seandálaíochta a bhfuil eolas fúthu, agus níltear ag súil le haon tionchar ar an seandálaíocht mhara. Mar sin féin, beidh clár monatóireachta i ndáil le heascairtí dramhaíola tolláin. Déanfar athbhreithniú ar an gclár nuair atá na hoibreacha ar bun.

Ní bheidh tionchar díreach ag an bhforbairt bheartaithe ar shéadchomharthaí seandálaíochta nó struchtúir chosanta taifeadta.

Cinnteoidh straitéis mhaolaithe ag úsáid modhanna tóraíochta, tástáil seandálaíochta lárlíne, anailís phailéa-chomhshaoil agus monatóireacht seandálaíochta go ndéantar aon ghnéithe de chuid na hoidhreachta seandálaíochta, ailtireachta nó cultúrtha a d'fhéadfaí a nochtadh de bharr na tógála nó a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an tógáil orthu, a aithint, a thaifeadadh agus a réiteach go hiomlán sa chéim réamhthógála agus tógála. Beidh modhanna dá leithéid faoi réir faofa na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Ní bheidh aon tionchar iarmharach ar an oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta nó cultúrtha toisc go bhfuiltear ag súil go réiteofar aon cheist a bhaineann le gnéithe agus suímh le cumas oidhreachta seandálaíochta, ailtireachta nó cultúrtha acu ag céim réamhthógála nó tógála d'fhorbairt an phíblíne beartaithe.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

# 11 TIONCHAIR CHARNTHA AGUS IDIRGHNÍOMHAÍOCHT TIONCHAIR

Is féidir le tionchair charntha eascairt mar thoradh ar ghníomhartha beaga aon féin ach atá suntasach i dteannta a chéile ag tarlú i gcaitheamh na tréimhse ama céanna, agus/nó sa limistéar geografach céanna. Tugadh aghaidh ar na gnéithe seo a leanas a bhfuil ar a gcumas cur le tionchair charntha, mar chuid de mheasúnú tionchair charntha i ndáil leis an bhforbairt bheartaithe:

1. Forbairt Ghášcheantair na Coiribe, ina chuimsítear na gnéithe seo a leanas le cois an Píblíne Gáis Chladaigh beartaithe agus an suíomh sil-leagan móna bainteach a breathnaíodh air san EIS seo:

    a. Forbairt gáscheantair amach ón gcósta lena n-áirítear suiteálacha ghrinneall na farraige agus píblíne amach ón gcósta (críochnaíodh an píblíne agus na hoibreacha amach ón gcósta i 2009 agus táthar ag súil an t-imleacán a shuiteáil i Samhradh na bliana 2011);

    b. Críochfort Gáis i mBéal an Átha Buí (tógáil leanúnach 2006-2010); agus

    c. Suíomh Sil-leagan Móna an tSratha Móir (sil-leagan ón gCríochfort i 2005 agus i 2007).

2. Píblíne Mhaigh Eo go Gaillimh BGÉ (Arna thógáil 2005-2006 agus an nasc deiridh leis an gCríochfort Gáis i 2009).

Rinneadh measúnú ansin ar thionchair charntha ar scála náisiúnta agus áitiúil/réigiúnach.

I gcomhthéacs áitiúil tá gníomhaíochtaí tógála i ndáil le Gáscheantar na Coiribe ar bun ó 2004, lena n-áirítear:

- Tógáil an Chríochfoirt Gháis agus baint móna a bhaineann leis ó 2004;
- Oibreacha ullmhúcháin i 2005 agus 2008 don phíblíne amach ón gcósta agus suiteáil um radharc talún; agus
- Leagan a phíblíne amach ón gcósta agus na hoibreacha um radharc talún bainteacha i nGleann an Ghad i 2009.

Tá sé beartaithe go dtosóidh obair ar thógáil an phíblíne ar an gcladach, lena n-airítear oibreacha gaolmhara ar shil-leagan i 2011 agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 2013. Beidh tionchar dearfach carntha ag na gníomhaíochtaí i dtéarmaí fostaíochta díreach agus indíreach araon. Mar thoradh air sin beidh níos mó tráchta, torainn, smúit agus suaitheadh amhairc díreach i gceantar na n-oibreacha. Tá an cumas ag nádúr leanúnach na n-oibreacha tógála sin, atá bainteach leis na gnéithe seo d'fhorbairt Gháscheantair na Coiribe, tionchar suntasach carntha a bheith orthu siúd ina gcónaí sna hEachú, Gleann an Ghad, Ros Dumhach agus Poll an tSómais, agus orthu siúd ina gcónaí ar an mbealach iompair go dtí an tSrath Mór. De bharr an moill ar thógáil an phíblíne ar an gcladach i ndáil le gnéithe eile de chuid tionscadail na Coiribe, táthar tar éis an tionchar foriomlán ag an am ar leith a laghdú, is cuma cé chomh fada a síneadh amach an tionchar reatha. Déanfar tionchair ionchais a mhaolú mar a léirítear sna codanna roimhe seo agus, déanfar íoslaghdú ar na tionchair charntha ar an bpobal áitiúil agus ar an timpeallacht áitiúil.

For inspection purposes only. Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

Nuair a bheidh an píblíne intíre tógtha agus suiteáilte is é an Críochfort Gáis an t-aon ghné amháin d'fhorbairt Ghásscheantair na Coiribe a bheidh gníomhaíocht feidhmiúcháin suntasach de dhíth uirthi. I rith an oibriúcháin, beidh gníomhaíocht oibriúcháin íosta ag an LVI a bheidh gan fhoireann. Cuimseoidh gníomhaíocht oibriúcháin i ndáil leis an LVI cuairteanna rialta agus cothabháil tréimhsiúil.

Ar leibhéal náisiúnta, táthar tar éis tionchair d'fhorbairt Ghásscheantair na Coiribe a mheas i gcomhthéacs na n-iarmhairtí ar an ngeilleagar náisiúnta agus comhlíonadh le beartas náisiúnta.

Aithníonn Tuarascáil Goodbody (2007)[4] go gcuirfidh Gásscheantar na Coiribe os cionn €3bn le OTI na hÉireann i gcaitheamh a shaolré, ag soláthar thart ar 60% de riachtanais gháis nádúrtha na tíre nuair a shroichfear buaicthairgeacht. Meastar go soláthrófar an gásscheantar thart ar aon trilliún troigh ciúbach de ghás nádúrtha thar saolré feidhmithe idir 15 agus 20 bliain.

Tacaíonn Tionscadal Gásscheantair na Coiribe le stráitéis náisiúnta beartaithe na hÉireann maidir le gás nádúrtha agus fuinnimh inathnuaite a úsáid in áit breosla soladach agus ola agus chuige sin cuireann sé le sprioc na hÉireann i ndáil le srian a chur ar astuithe gáis cheaptha teasa fad atá slándáil an tsoláthair fuinnimh á cinntiú. Is dócha freisin, le malartú náisiúnta breosla ó ola agus gual go gás go n-ísleofar leibhéil ocsaídí nítrigine agus sulfair (NOx agus SOx) ar fud na tíre.

Cuirfidh Forbairt Ghásscheantair na Coiribe go suntasach le polasaí fuinnimh náisiúnta i ndáil le maolú a dhéanamh ar spleáchas na hÉireann ar fhuinneamh allmhairithe. Sa bhreis air sin soláthróidh sé soláthairtí fuinnimh seasmhacha agus barainneacha, a chuirfidh le hinbhuanaitheacht na dtionscal atá ann cheana i Réigiún na Teorann, Lár-Tíre agus an Iarthair.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

[4] Measúnú Geilleagrach ar Thionscadal Gáis na Coiribe, Goodbody Economic Consultants. Samhain 2007



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

# 12 ACHOIMRE

Tá imscrúdú déanta ag an Ráiteas Tionchair Timpeallachta ar an togra le haghaidh Píblíne Cladaigh na Coiribe a thógáil idir Gleann an Ghad agus an Críochfort Gáis. Áirítear ar an bhforbairt, freisin, Suiteáil Chomhla um Radharc Talún i nGleann an Ghad. Tá tábhacht straitéiseach náisiúnta leis an tionscadal seo.

Sa chás go n-aithnítear tionchair chomhshaoil, táthar tar éis bearta maolaithe a mholadh chun na tionchair sin a íoslaghdú nuair is féidir. Seo a leanas na príomhbearta maolaithe:

- Bealach mionathraithe a shásaíonn na critéir curtha ar an eolas ag comhairliúchán áitiúil maidir cóngaracht do thithe agus ábhair imní comhshaoil agus ionchorpraíonn sé mionathruithe arna moladh ag An Bord Pleanála ina litir ón 2ú Samhain, 2009;
- Íoslaghdú ar chur isteach ionchais go ghnáthóga íogair; agus
- Bearta maolaithe agus rialaithe a chur i bhfeidhm le linn tógála agus feidhmithe chun an riosca a ghabhann le truailliú comhshaoil agus tionchar ar an bpobal a íoslaghdú.

Tar éis staidéar mionsonraithe a chur i gcrích ar thionchar an tionscadail phíblíne ar an gcladach ar an gcomhshaol, táthar tar éis a dhearbhú nach mbeidh tionchar iarmharach suntasach ar oidhreacht daonna, nádúrtha nó chultúrtha an cheantair ar bhonn fadtéarmach.

Chomh maith leis sin, freagraíonn an fhorbairt mhionathraithe d'ábhair imní sábháilteachta tugtha chun solais agus critéir sábháilteachta cruthaithe ag An Bord Pleanála, agus trédhearcachta léiriú follasach curtha ar fáil a léiríonn nach bhfuil aon riosca do-ghlactha don phobal i bhforbairt an phíblíne cladaigh beartaithe.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

# GLUAIS

Soláthraítear míniúcháin ar chuid de na príomhthéarmaí atá in úsáid sa tuairisc seo sa ghluais anseo thíos. Níor cheart glacadh leis na sainmhínithe atá cuimsithe anseo thíos mar ábhar cuimsitheach, ach mar chabhair don léitheoir neamhtheicniúil.

| | |
|---|---|
| Bar / Barg | Aonad brú.<br><br>Bar (brú).<br><br>Barg (brú tomhsaire) 1 Barg = Brú tomhaiste os cionn brú atmaisféir.<br><br>Éagsúlaíonn an brú atmaisféir ach is ionann é agus thart ar 1 Bar. |
| Ordú Tógála Éigeantaigh (CAO) | Bealach lenar féidir le comhlachtaí údaraithe píosa talún a thógáil ina seilbh, faoi réir fiosrúcháin phoiblí má chuirtear agóidí faoi bhráid. Foráiltear don ionstram reachtúil seo faoin Acht Gáis. Aistríodh an chumhacht chun Ordú Tógála Éigeantaigh a bhronnadh go dtí An Bord Pleanála faoin Acht um Bonneagar Straitéiseach. |
| Beintiníť | Cré támh mín (táirge nádúrtha) úsáidte go forleathan i bhfuaidreán uiscí i dtionscadail tógála tolláin. |
| Éiceachóras | Pobal de nithe beo agus an timpeallacht ina maireann siad. |
| EMP | Plean Bainistíochta Comhshaoil. |
| Gnáthóg | Áit chónaithe speicis nó pobail, ag soláthair sraith faoi leith de choinníollacha comhshaoil (m.sh. urlár foraoise). |
| Radharc Talún | An pointe ar an gcladach a dtagann píblíne amach ón gcósta i dtír. |
| LVI | Suiteáil Chomhla um Radharc Talún |
| Imirceach | Úsáidte i ndáil le hainmhithe a bhogann mórthimpeall ar bhonn séasúrach: éin agus éisc imirceacha. |
| Bearta Maolaithe | Slite chun tionchair/iarmhairtí diúltacha ar thionscadal i ndáil leis an talún a sheachaint nó a laghdú. |
| NOx | Ocsaídí Nítrigine. |
| Radhairc Chosanta | Sainaithnítear radhairc chosanta mar “Radhairc Ard-áilleachta nó Áilleachta” sa Phlean Forbartha Contae´. |
| Láthair Ramsar | Limistéar a sainaithnítear faoin gCoinbhinsiún um Bogaigh de Thábhacht Idirnáisiúnta comhaontaithe ar bhonn idirnáisiúnta, go háirithe mar láthair na n-éan uisce. |

Consent of copyright owner required for any other use. For inspection purposes only.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

| | |
|---|---|
| Clais Ghabhála | Clais/seafta tochailte ar thalún chun glacadh leis an TBM de réir mar a chríochnaítear an tollán. Cruthóidh an chlais ghabhála an dara pointe rochtana ar an tollán a d'fhéadfaí a úsáid le linn suiteála na seirbhísí. |
| Salmainidí | Baill den teaghlach éisc 'Salmainid', lena n-áirítear bradán, breac agus ruabhreac. |
| Bealach Áilleachta | Léiríonn bealaí áilleachta bóithre poiblí ónar féidir taitneamh a bhaint as radhairc agus amhairc de cheantair áilleachta agus spéise nádúrtha. Is dóchúil go mbíonn líon níos mó cuairteoirí ag spaisteoireacht ar na bealaí seo. |
| Tollán le Líneáil Teascáin | Teicníc tollánaithe ag úsáid teascáin choincréite chun tacú leis an tollán atáthar tar éis a thochailt. Cuirtear na teascáin seo le chéile fáinní iomlána a chruthú agus nuair a nasctar le chéile iad, gníomhaíonn siad mar líneáil an tolláin. |
| SOx | Ocsaídí Sulfair. |
| Limistéar Chaomhantais Speisialta | Cosnaítear Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC) faoi Threoir maidir le Gnáthóga an Aontais Eorpaigh (AE) (92/43/CEE), mar atá curtha i bhfeidhm in Éirinn ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997. Nuair a moltar limistéar a chur faoin stádas seo déantar cur síos orthu mar iarrthóirí SAC (cSACanna). |
| Limistéar faoi Chosaint Speisialta | Tá Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna) cosanta faoi Threoir maidir le Gnáthóga an AE, a chomhlánaíonn Treoir 79/409/CEE an AE, an Treoir maidir le hÉin Fhiáine a Chaomhnú ('An Treoir maidir le hÉin'), faoinar bunaíodh SPAnna i dtús báire. |
| Geallsealbhóir | Ag tagairt d'aon duine aonair nó eagraíocht a bhfuil spéis acu i dtionscadal. I measc geallsealbhóirí áirítear úinéirí talún, baill an phobail, comhlachtaí reachtúla agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. |
| Comhlacht Reachtúil | Roinn Rialtais nó cuideachta phoiblí/stáit. Mar shampla, is comhlachtaí reachtúla iad An Bord Pleanála agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. |
| Clais Tosaithe | Clais/seafta tochailte ar thalamh ina gcuirfear an TBM chun tosú ar an bpróiseas tollánaithe. Cruthóidh an chlais tosaithe rochtain ar an tollán (tairseach an tolláin) i gcaitheamh an phróisis tollánaithe. |
| Críochfort | An ionad ina ndéanfar an gás próiseáilte a dheighilt ó aon leachtanna gaolmhara chun freastal ar shonraíochtaí tarchuir de chuid an líonra gáis náisiúnta. |
| Limistéar oibre sealadach | An limistéar le hais an píblíne a úsáideann an forbróir ar bhonn sealadach chun tógáil a éascú. Tá an limistéar oibre sealadach níos mó ná an cead slí buan. Tagraítear dó freisin mar leathán (oibre/píblíne). |
| Tógáil Neamh-thrinse | Modh tógála píblíne ina seachnaítear tochailt dromchla (cur chuige an ghearrtha oscailte). Is éard atá i gceist le tollánú nó tógáil neamh-thrinse ná tochailt fodhromchla, de réir a chéile, laistigh de shraitheanna |

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32

| | |
|---|---|
| | cloiche nó ithreach agus is gnách go mbaintear úsáid as an modh seo chun seirbhísí líneacha a shuiteáil faoi ghnéithe cosúil le haibhneacha. I measc samplaí de mhodhanna tógála neamh-thrinse áirítear tollánú le líneáil teascáin agus mion-tollánú. |
| Meaisín Tollta Tolláin (TBM) | Meaisín deartha chun tollán a thochailt/a tholladh. Cuimsíonn TBM giotán gearrtha rothlach feistithe le uirlisí tochailte agus/nó briste carraige. Déantar ábhar a thocailt de réir mar a bhrúnn an TBM é féin chun cinn go hiodrálach (nó á bhrú). Féadfar TBM a dhearadh le haghaidh réimse leathan coinníollacha talún lena n-áirítear carraigeacha. |
| Fóid | Codanna de shraith dromchla fásmhar móna a mbainfear ar aon dul agus a gcuirfear i leataoibh le linn na tógála. |
| Imleacán | "Beart" de línte rialaithe leictreonaí agus hiodrálacha agus línte iompair cheimice arna n-úsáid chun rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar shaoráidí fomhuirí ón gCríochfort Gáis agus chun meatánól agus ceimiceáin eile a sholáthar don ilphíobán agus na barra tobair. Bíonn truaill chosanta mórthimpeall ar an mbeart. |
| Veirteabraigh | Ainmhithe le cnámh droma acu. |
| Cead slí | *Cead Slí Buan*<br><br>An stráice talún a shainítear feadh an phíblíne a mbíonn rochtain ag teastáil ón bhforbróir chuige i gcaitheamh saolré iomláin an phíblíne chun críocha oibríochta agus cothabhála sábháilte. Ní cheadaítear tochailt nó tógáil laistigh den chead slí buan. Déanfar Gníomhais Éasúna a chomhaontú leis na húinéirí talún ábhartha chun an cead slí buan seo a thaifeadadh. |

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 11-02-2014:23:32:32